Congratulations to the many schools that participated in this year's competition which was sponsored by SANCO Technologies and Delta Print & Packaging. Féile's Short Story Competition (open to schools in the Belfast area) is the only cross-community opportunity of its kind in the city and encourages literacy and the reading of literature among our young people. Over the years we have had entrants and winners from Belfast Royal Academy, St Rose's, St Louise's, Glen Road CBS, St Mary's Grammar, De La Salle, Coláiste Feirste, St Dominic's, Malone College & St Genevieve's.

Once again the judges, Patricia Gormley and Danny Morrison, were highly impressed at the standards of the submissions. Although, judged on an individual basis, in former years one or two schools tended to garner the majority of the prizes (for some years in a row it was Belfast Royal Academy) and this year the best stories (out of a total of 350) was an 'Oscar' phenomena for almost 'sweeping the boards' for Coláiste Feirste. *Comhghairdeas mórtó* to the literature department and its teachers there!



So, here are the results: Mar sin, seo na torthaí:

Winners: 11-13 years-of-age category – **First Prize** (a Kindle) to Emmet Mac Fearghail (Colaiste Feirste) for 'Ambition', a well-written and sustained piece of prose about a young girl who dreams of becoming a journalist; **Second Prize** (£30 book token) Caitlín Wylie (Colaiste Feirste) for 'A Change of Heart', a teenage love story about two opposites with lots of great dialogue; **Third Prize** (£20 book token) to Orla Ní Chorra (Colaiste Feirste) for 'Someone To Care For', a hilarious, first-person narrative which can be simultaneously read at two levels! Winners: 14-16 years-of-age category – **First Prize** (a Kindle) to Conor Torboid (Colaiste Feirste) for 'Sleeping Beauty', an exceptionally well-written fairy tale with all the traditional elements written in a confident style; **Second Prize** (£30 book token) to Becky Nic Ainmhire (Colaiste Feirste) for 'My Name is Crystal' which, although short, dealt with a highly original and enigmatic idea about the state of dreaming; **Third Prize** (£20 book token) to Juliana Roche (St Louise's Comprehensive College) for 'The Watcher', a supernatural tale which opens with a blissful domestic scene, soon disrupted, and ends on a comforting note.

So, all you young scribes, especially young women – start thinking about 2015 and the story that leads you on the road to the Nobel Prize in Literature, dominated – so far! – by W.B. Yeats, George Bernard Shaw, Samuel Beckett and Seamus Heaney!

Mar sin, seo na torthaí:

Buaiteoirí: catagóir 11-13 bliain d'aois – **An Chéad Duais** (Kindle): Emmet Mac Fearghail (Coláiste Feirste) do 'Ambition', píosa próis dea-scríofa agus mharthanach faoi chailín óg a bhfuil bríonglóid aici bheith ina hiriseoir; **An Dara Duais** (éarlais leabhair £30): Caitlín Wylie (Coláiste Feirste) do 'A Change of Heart', scéal grá déagóirí faoi bheirt dhaoine éagsúla lena lán agallamh iontach; **An Tríú Duais** (éarlais leabhair £20): Orla Ní Chorra (Coláiste Feirste) do 'Someone To Care For', scéal greannmhar, inste sa chéad phearsa a fhéadtar léamh go comhuineach ar dhá leibhéal! Buaiteoirí: catagóir 14-16 bliain d'aois – **An Chéad Duais** (Kindle): Conor Torboid (Coláiste Feirste) do 'Sleeping Beauty', finscéal iontach dea-scríofa leis na tréithe traidisiúnta ann, scríofa i stíl mhuineach; **An Dara Duais** (éarlais leabhair £30): Becky Nic Ainmhire (Coláiste Feirste) do 'My Name is Crystal' gearrscéal a phléigh leis an smaoineamh úrnua agus dhúndúnda faoi staid na bríonglóideachta; **An Tríú Duais** (éarlais leabhair £20): Juliana Roche (Coláiste Cuimsitheach Naomh Labhaoise) do 'The Watcher', scéal osnádúrtha a thosaíonn le radharc tí aoibhnis, atá suaite ar ball ach a bhfuil críoch sólasach leis.

Mar sin de, a scríobhaithe óga go léir, go háirithe na mná óga – tosaigí ag smaoineamh ar 2015 agus ar an scéal a chuirfidh ar an bhealach cheart sibh chun Duais Nobel i Litríocht a bhaint, cosúil leis na daoine seo, W.B. Yeats, George Bernard Shaw, Samuel Beckett agus Seamus Heaney a bhfuil an duais bainte acu!



www.sancotechnologies.com



Marina Lewycka



Ronan Bennett



Conal Creedon

SCRIBES AT THE ROCK

Scribes at the Rock

Rock Bar

Thurs 7th Aug, 4pm-6pm. (Doors open 3.15pm: Admission £6)

Featuring Marina Lewycka, Ronan Bennett & Conal Creedon

Marina Lewycka was born in a refugee camp in Germany to Ukrainian parents who later settled in Britain. She taught journalism and PR but always wanted to be a writer. Her first book, *A Short History of Tractors in Ukrainian* was published when she was 57, selling more than a million copies in Britain, becoming a world best-seller and has been translated into 35 languages. It is a hilarious blend of comedy and desperation involving two sisters as they deal with their eccentric elderly widowed father's new, much younger, gold-digging girlfriend! Her fourth novel *Various Pets Alive and Dead* is partly based on her experience of living in a commune in the 1970s and explores the financial crisis of 2008/9 through two generations of one family.

Ronan Bennett's work varies in form between novel, screenplay and journalism. A prolific writer, his work for film and television includes the Johnny Depp film *Public Enemy*; *Face* (starring Robert Carlyle & Ray Winstone - and a cameo from Gerry Conlon); and *Hamburg Cell*, a docu-drama about the men who carried out the 9/11 attacks. His Bafta-winning Channel 4 drama *Top Boy* was inspired by a 12-year-old drug dealer who was persuaded to open up about his life in a deprived black community in London. His published works include *Stolen Years* with Paul Hill (one of the Guildford Four who, like Ronan was falsely imprisoned) & the Whitbread-shortlisted *The Catastrophist* (set in the Belgian Congo in 1959), and *Havoc in Its Third Year*, which won the Hughes & Hughes/Irish Independent Irish Novel of the Year award. His memoir of Long Kesh, *Fire and Rain*, for BBC Radio 4, won a Sony Gold Medal. Ronan is currently writing a feature film based on Cuchulainn and stories from the Ulster Cycle, to star Michael Fassbender.

Since **Conal Creedon's** last outing at Scribes when he stole the show with his many, colourful stories anchored in Cork, his plays *When I Was God* and *After Luke* have been performed to critical acclaim not just in New York's Repertory Theatre but at the World Expo in Shanghai, China (where he has also been writer-in-residence)! In 2013 *The Cure* had its New York premiere when it featured at the Origin Theatre Festival. Cónal's work as a writer first came to prominence with his surreal, madcap, pseudo-soap that featured the Nutter family and Finbar the Wonder Dog. His many short stories have been broadcast on RTE and BBC. Comical characters in his novels include Fatfuka, Pinko and Herman the German and their philosophical meanderings. "Cork's answer to Roddy Doyle" – *Irish Times*

Scríobhaithe ag The Rock

Beár The Rock

Déardaoin 7 Lúnasa, 4i.n.-6i.n. (Doirse oscailte ó 3.15i.n.: Táille - £6)

Beidh Marina Lewycka, Ronan Bennett agus Conal Creedon ann.

Rugadh **Marina Lewycka** i gcampa teifeach sa Ghearmáin do thuismitheoirí Úcránacha a shocraigh síos sa Bhreatain níos moille. Theagasc sí iriseoireacht ach ba mhian léi bheith ina scríbhneoir i gcónaí. Foilsíodh an chéad leabhar s'aici, *A Short History of Tractors in Ukrainian* nuair a bhí sí 57 bliain d'aois, díoladh níos mó ná milliún cóip sa Bhreatain. D'éirigh leis bheith ina leabhar sárthíola agus aistríodh go 35 teanga é. Meascán de ghreann agus d'éadóchas atá ann a phléann le beirt dheirfiúracha agus iad ag déileáil le cáilín calaoiseach níos óige a n-athar shean, aistigh a chaill a bhean chéile ar na mallaibh! Tá a ceathrú úrscéal *Various Pets Alive and Dead* páirtbhunaithe ar an eispéaras s'aici nuair a chónaigh sí i gcomún sna 1970í agus scrúdaíonn sé an ghéarchéim airgeadais in 2008/9 trí dhá ghlúin d'aon theaghlach amháin.

Athraíonn obair **Ronan Bennett** ina foirm idir úrscéalta, scrípteanna scannáin agus iriseoireacht. Is scríbhneoir torthúil é agus i measc a oibre scannánaíochta agus teilifíse tá scannán Johnny Depp *Public Enemy*; *Face* (ina raibh Robert Carlyle agus Ray Winstone – agus caimeo ó Gerry Conlon); agus *Hamburg Cell*, dráma faisnéise faoi na fir a rinne na hionsaithe 9/11. Bhí mangaire drugaí 12 bliain d'aois, a áitíodh labhairt go hoscailte faoina shaoil i bpobal dhaoine gorma in ánas i Londain, mar spreagadh dó an dráma Channel 4 *Top Boy* a bhain gradam Bafta, a dhéanamh. I measc a shaothar foilsithe tá *Stolen Years* le Paul Hill (ar dhuine de Cheathrar Guildford é agus cosúil le Ronan, cuireadh i bpríosún go bréagach é) agus *The Catastrophist* (a bhí suite i gCongo na Beilge in 1959), agus a bhí ar an ghearrliosta do Dhuais Whitbread, agus *Havoc in Its Third Year*, a bhain an duais Hughes & Hughes/Irish Independent Irish Novel of the Year. Bhain a chuimhní cinn ar an Cheis Fhada, *Fire and Rain*, do BBC Radio 4, Bonn Óir Sony. Tá Ronan ag scríobh príomhscannáin faoi láthair bunaithe ar Chú Chulainn agus ar na scéalta ón Ruraíocht a mbeidh Michael Fassbender sa phríomhpháirt ann.

Ón am deireanach a bhí **Conal Creedon** ag Scríobhaithe nuair a thug sé an chraobh leis lena chuid mhór scéalta aigeanta ó Chorcaigh, taibhíodh a dhrámaí *When I Was God* agus *After Luke*, a fuair ardmholtaí, ní amháin in Amharclann Cnuasach Nua-Eabhrac ach ag an Expo Domhanda in Shanghai sa tSín (áit a raibh se ina scríbhneoir cónaitheach chomh maith)! In 2013, bhí an chéad léiriú de *The Cure* i Nua-Eabhrac nuair a bhí sé á léiriú ag an Origin Theatre Festival. Tháinig obair Cónal mar scríbhneoir chun suntais óna bhréagshobaldráma osréalach, craiceáilte ina raibh teaghlach Nutter agus Finbar the Wonder Dog. Craoladh cuid mhór dá ghearrscéalta ar RTE agus BBC. I measc na gcarachtar greannmhar ina úrscéalta tá Fatfuka, Pinko agus Herman an Gearmánach agus a rámhaille fealsúnachta. "Cork's answer to Roddy Doyle" – *Irish Times*



Martin Sixsmith and Philomena Lee (today)

The Story of


PHILOMENA

Guest Speaker **Martin Sixsmith**
St Mary's University College Sat 9th Aug. 1.30pm

"It began with a chance encounter at a New Year's party in 2004. I was trying to leave, but a woman said she had a message for me. She knew I had been a journalist and she had a friend who wanted my help to solve a family mystery. I agreed to a meeting, and found myself embarking on a five-year quest for a man I had never met."

"It began with a chance encounter at a New Year's party in 2004. I was trying to leave, but a woman said she had a message for me. She knew I had been a journalist and she had a friend who wanted my help to solve a family mystery. I agreed to a meeting, and found myself embarking on a five-year quest for a man I had never met."

So begins Martin Sixsmith's discovery of the tragic and moving story of Philomena Lee, an unmarried mother in 1952 whose son Anthony was taken away from her at the age of three because he was born out of wedlock and was given to well-off Americans in exchange for dollars as part of an illicit trade in babies. Anthony was one of the estimated 60,000 "taken children" who suffered enforced adoption in the Republic whilst successive governments annually pledged their empty platitudes, to "cherish all of the children of the nation equally".



Sin mar a thosaigh suim Martin Sixsmith i scéal tragóideach, corraitheach Philomena Lee, bean neamhphósta ar baineadh a mac Anthony di in 1952 nuair a bhí sé trí bliana d'aois mar gur rugadh mar leanbh tabhartha é, agus tugadh do Mheiriceánaigh shaibhre a d'íoc as le dolair é mar chuid de thrádáil aindleathach i leanaí. Bhí Anthony i measc na 60,000 "páiste tógtha" a ndearnadh uchtú éigeantais orthu sa Phoblacht cé gur gheall rialtas i ndiaidh rialtais eile sa léireasc gan cur leis "cherish all of the children of the nation equally" gach bliain.

"I was reluctant to speak of it for years," says Philomena. "There was so much guilt and shame about unmarried mothers, I kept it a secret." The women and girls were put to work in the convent and were allowed to see their children for one hour a day. They had few rights. The nuns required them to make a sworn declaration which read: "I relinquish full claim forever to my child and surrender him. I undertake never to attempt to see, interfere with or make any claim to the said child at any future time." Later, Philomena set out to find him but could not penetrate a veil of government and church secrecy. Until, that is, the veteran broadcasting journalist Martin Sixsmith met her and began his forensic search for her lost child.

"I was reluctant to speak of it for years," a dúirt Philomena. "There was so much guilt and shame about unmarried mothers, I kept it a secret." The women and girls were put to work in the convent and were allowed to see their children for one hour a day. They had few rights. The nuns required them to make a sworn declaration which read: "I relinquish full claim forever to my child and surrender him. I undertake never to attempt to see, interfere with or make any claim to the said child at any future time." Chinn Philomena níos moille cuardach a chur air ach ní raibh sí ábalta briseadh trí rúndacht an rialtais agus na heaglaise. Sin go dtí gur bhuaill an t-iriseoir craoltóireachta Martin Sixsmith léi agus gur thosaigh sé a chuardach fóirínseach dá páiste a bhí ar iarraidh.

Martin Sixsmith is a renowned radio/television presenter and author, a former foreign correspondent for the BBC who has written several books, fiction and non-fiction. He has also worked as an adviser to the BBC political sitcom *The Thick of It*, and the Oscar-nominated film *In the Loop*. Earlier this year he made a BBC television documentary about Ireland's separated mothers and children who are still looking for each other even today.

Is láithreoir raidió/teilifíse clúiteach, údar agus iarchomhfhreagraí eachtrach don BBC é **Martin Sixsmith** a bhfuil roinnt leabhar, ficsean agus neamhfhicsean scríofa aige. D'oibrigh sé fosta mar chomhairleoir do dhráma grinn suímh polaitiúil an BBC *The Thick of It* agus don scannán a bhí ainmnithe do Oscar, *In the Loop*. Níos luaithe i mbliana, rinne sé clár faisnéise don BBC faoi mháithreacha agus páistí in Éirinn a bhí scartha agus atá ag cur cuardaigh ar a chéile go fóill sa lá atá inniu fiú.

DISCUSSION AND DEBATE PLÉ AGUS DIOSPOIREACHTAÍ

IRELAND'S BIGGEST SUMMER SCHOOL

CEASEFIRE MASSACRE


ST MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, THURS 31ST JULY 3:30PM-5:30PM

Ceasefire Massacre is a documentary film of the 1994 UVF attack in Loughinisland that left six people dead and injured several others as they watched the Ireland V's Italy World Cup game at O'Toole's Heights Bar.

Funded and hosted by global sports network ESPN and directed by internationally acclaimed Oscar winning investigative journalist /film-maker Alex Gibney the film focuses on events leading up to the attack, the families' search for truth, the awful web of collusion and deceit, and ultimately the key questions of why the UVF chose Loughinisland and of overall accountability. The film also features interviews with key players in the Ireland team at the time.

The film will be followed by a discussion Q&A involving the families, Trevor Birney of Fine Point Films, also involved in the production, lawyer Niall Murphy and Mark Thompson of Relatives For Justice.

Event organised by Relatives For Justice, KRW Law & Fine Point Films.



SECRET

PLEASE NOTE RESTRICTED ACCESS TO ST MARY'S UNIVERSITY COLLEGE AS FOLLOWS:

Falls Road entrance to college will have Pedestrian Access Only
All Car and Transport Access via Beechmount Ave

West Belfast Youth Talks Back
See Page 72

Unveiling of Bobby Sands Marble Bust


Felons Club, Fri, 1st Aug, 12noon

Paraic Casey, a young emerging sculptor from County Clare, spent a year and a half in Thassos and in Athens, during which time he hand-sculpted in white marble a representation of the image of Bobby Sands, using his craft to make a political and moral statement about the lives of individuals who impacted on civil rights so profoundly. **Guest speakers - Paraic Casey & Gerry Adams TD.** Organised by the Bobby Sands Trust in association with the Felons Club.

Nochtadh Dealbh Bhrád Roibeáird Uí Sheachnasaigh

Cumann na Meirleach, Dé hAoine, 1 Lúnasa, 12 nóin

Cheith Paraic Casey, dealbhóir óg éirítheach as Co. an Chláir, bliain go leith in Thassos agus san Aithin, agus é ansin, ag dealbhú íomhá de Roibeárd Uí Sheachnasaigh ar mharmaid bhán. D'úsáid sé a cheird chun ráiteas polaitiúil agus morálta a chur in iúl faoi shaolta na ndaoine aonair sin a raibh tionchar domhain acu ar chearta sibhialta. **Aoichainteoirí - Paraic Casey agus Gearóid Mac Ádhaimh TD.** Eagraithe ag Ionntaobhas Roibeáird Uí Sheachnasaigh i gcomhar le Cumann na Meirleach.



Winifred Carney and George McBride - An unlikely union

Winifred Carney and George McBride – An unlikely union

Shankill Library, Thurs 31st July, 1pm

Winifred Carney, suffragist, socialist and soldier in Cumann na mBan and the Irish Citizen Army was married to George McBride a trade unionist from Crimea Street, Shankill Road who as a young man joined the Ulster Volunteers and enlisted to fight in World War I. This talk explores their extraordinary lives and marriage. Featuring also a short drama performed by Kabosh Theatre Company. Speakers: Ruth Taillon and Bill Rolston

Winifred Carney agus George McBride – lánúin neamhdhóchúil

Leabharlann na Seanchille, Déardaoin 31 Iúil, 1i.n.

Bhí Winifred Carney ar shufragóir, shóisialaí agus shaighdiúir i gCumann na mBan agus in Arm Cathartha na hÉireann í, pósta le George McBride ar cheardchumannaí ó Sráid na Crimé ar Bhóthar na Seanchille é. Agus é ina fhear óg chuaigh sé sna Ulster Volunteers agus liostáil sé le troid sa Chéad Chogadh Domhanda. Scrúdóidh an chaint seo a saolta iontacha agus a bpósadh. Beidh dráma beag ann fosta arna taibhiú ag Compántas Amharclainne Kaboosh. Cainteoirí: Ruth Taillon agus Bill Rolston.

'The Catholic Political Predicament in Northern Ireland'

St Mary's University College, Thurs 31 July, 3pm. Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Déardaoin 31 Iúil, 3i.n.

Pat Walsh will talk about his book 'Catastrophe' the first volume of 'The Catholic Political Predicament in Northern Ireland'.

Labhróidh Pat Walsh faoina leabhar 'Catastrophe' an chéad imleabhar de 'The Catholic Political Predicament in Northern Ireland'.

ON THE JOURNEY TO PEACE AND RECONCILIATION



On the journey to peace and reconciliation St Mary's University College, Thurs 31st July, 8pm

Colin Parry's 12-year old son Tim was killed, along with 3-year old Jonathan Ball in an IRA bomb in Warrington in March 1993. This led Colin to form the Foundation for Peace, a charity working to promote peace and non-violent conflict resolution. In the same period Martin McGuinness has been centrally involved in conflict transformation, a personal path which took him from republican activism to being Deputy First Minister of the North of Ireland. Both men will share their journey from violent times to peace.

Ar thuras go síocháin agus athmhuintearas

Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Déardaoin 31 Iúil @ 8i.n.

Maraíodh Tim, mac 12 bliain d'aois Colin Parry, mar aon le Jonathan Ball a bhí 3 bliain d'aois i mbuama IRA i Warrington i mí Mhárta 1993. Ina dhiaidh seo bhunaigh Colin an Fhondúireacht um Shíocháin, carthanas ag obair chun síocháin agus réiteach coimhlinte neamhforéigneach a chur chun cinn. Sa tréimhse chéanna, bhí Máirtín Mac Aonghusa lárpháirteach in athrú coimhlinte, turas pearsanta a ghlac sé ó ghníomhachas poblachtach go LeasChéad-Aireacht Thuaisceart Éireann. Roinnfidh an bheirt fhear a dturais ó amanna foréigneacha go síocháin.



Hidden History: Protestants and the Irish Language

St Mary's University College, Fri, 1st August, 3pm

Gearoid MacSiacaís, Forbairt Feirste, Linda Ervine, East Belfast Mission. Coiste Ex POW Consortium

Dlínsí Éagsúla / Bealaí Éagsúla i dTreo Pósta Chothroim

Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Dé hAoine 1 Lúnasa, 3i.n.

Gearóid Mac Siacaís, Forbairt Feirste, Linda Ervine, Misean Oirthear Bhéal Feirste, Cuibhreannas Iarchimí Coiste.



FILM DOCUMENTARY: IRELAND & PALESTINE

St Marys University College, Fri 1st Aug 7pm-9pm.

Hasan Alkatib will introduce his Film Documentary Ireland & Palestine a look at Solidarity work between the two countries. Filmed in Belfast Derry and Ballycastle. This will be followed by a Q&A with Hassan who works for Aletejah TV and Dr Saeb Shaath Palestinian Representative to Ireland 2000-2003. **Admission: Free. Organised by: Palestine Aid. Contact Fra Hughes email parkviewbnb@ntlworld.com**



Small Hands in Handcuffs

St Marys College, Sat 2nd Aug 7pm-9pm

This film documentary shot in Galway and in Palestine follows a young 16 year old boy from Waterford as he travels to the West Bank and witnesses first hand the brutality suffered by the children of the West Bank from the Illegal Israeli Military Occupation. Q and A to follow with the film makers and Dr Saeb Shaath Palestinian Representative to Irenad 2000-2003.

Admission: Free. Organised by: Palestine Aid. Contact: Fra Hughes email parkviewbnb@ntlworld.com

DIFFERENT JURISDICTIONS DIFFERENT ROADS TO EQUAL MARRIAGE

Different Jurisdictions / Different Roads to Equal Marriage

St Mary's University College, Fri 1st Aug, 12.30pm

The international movement towards the recognition of equal marriage rights has reached fever pitch. Different jurisdictions have approached this issue in different ways. Countries like France passed federal marriage statutes whereas some American states have relied on judicial review to guarantee citizens' rights. How do these international trends affect the marriage equality movements on the island of Ireland? Moninne Griffith, Marriage Equality Ireland, John O'Doherty, Equal Marriage NI and The Rainbow Project, Caitriona Ruane, MLA, Sinn Féin.


The Rainbow Project

Dlínsí Éagsúla / Bealaí Éagsúla i dTreo Pósta Chothroim

Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Dé hAoine 1 Lúnasa @ 12.30i.n.

Tá an ghluaiseacht idirnáisiúnta an-tógtha i dtreo cearta pósta a aithint. Phlé dlínsí éagsúla leis an cheist seo ar bhealaí éagsúla. Rith tíortha amhail an Fhrainc reachtaí pósta cónaidhmeacha ach bhraith roinnt stát Meiriceánach ar athbhreithnithe breithiúnacha chun cearta saoránach a ráthú. Cad é mar is féidir leis na treochoir idirnáisiúnta seo éifeacht a bheith acu ar na gluaiseachtaí pósta chothroim ar oileán na hÉireann? Moninne Griffith, Comhionannas Pósta Éireann, John O'Doherty, Comhionannas Pósta TÉ agus The Rainbow Project, Caitriona Ruane BTR, Sinn Féin.

The Rainbow Project



MADGE DAVISON MEMORIAL LECTURE 2014



Madge Davison Memorial Lecture 2014

St Mary's College, Sat 2nd Aug 2pm - 4.30pm

"The Working Class for Democracy and Socialism"-A Critical analysis of the issues facing the workers in Ireland today.

Speaker: **John Douglas**, General Secretary of Mandate and **Kerry Fleck**, Communist Party of Ireland, National Executive Committee
For further information contact: 07751 951785.

Léacht Chuimhneacháin Madge Davison 2014

Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Dé Sathairn 2 Lúnasa 2.00i.n. go 4.30i.n.

"An Lucht Oibre ar son Daonlathais agus Sóisialachais"- Anailís Chriticiúil ar na ceisteanna atá ag oibríthe in Éirinn sa lá atá inniu.

Cainteoir: **John Douglas**, Ard-Rúnaí Mandate agus **Kerry Fleck**, Páirtí Cumannach na hÉireann, Coiste Feidhmeannais Náisiúnta.
Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil ar: 07751 951785.

LIBERATION THEOLOGY

St Mary's University College, Sat 2nd Aug, 3pm

Liberation theology emerged in Latin America in the 1960s as an attempt to link the Catholic Church to struggles for social justice and equality and opposition to oppression. But what impact, if any, did it have in the North of Ireland in the late 1960s and 1970s and what role does it play today and can it play in the future in the quest for social justice and equality? Frs Des Wilson, Joe McVeigh, Oliver Rafferty and Prof. Terry Eagleton will discuss their own experiences of Liberation Theology and its potential role as a force for social change in society. **Chair Dr Dianne Kirby, University of Ulster.**

DIAGACHT NA SAOIRSE

Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Dé Sathairn 2 Lúnasa, 3i.n.

Tháinig Diagacht na Saoirse chun cinn i Meiriceá Laidineach sna 1960í mar iarracht nasc a dhéanamh idir an Eaglais Chaitliceach, na streachailtí le haghaidh ceartais shóisialta agus comhionannais agus an freasúra in éadan chos ar bolg. Cad é an tionchar a bhí aici, má bhí ceann ann, i dTuaisceart na hÉireann go mall sna 1960í agus 1970í áfach agus cad é an ról atá aici sa lá atá inniu agus an féidir léi ról bheith aici amach anseo san fheachtas le haghaidh ceartais shóisialta agus comhionannais? Pléifidh an tAthair Des Wilson, Joe McVeigh, Oliver Rafferty agus an tOllamh Terry Eagleton a n-eispéaraí féin maidir le Diagacht na Saoirse agus pléifidh siad a ról féideartha mar fhórsa d'athrú sóisialta sa tsochaí. **Cathaoirleach: An Dr. Dianne Kirby, Ollscoil Uladh.**

AN END TO THE DRIFT OR A DRIFT TO THE END - PROTESTANTS AND POLITICS IN CONTEMPORARY IRELAND

DEIREADH LEIS AN LIGEAN LE SRUTH NÓ LIGEAN LE SRUTH GO DTÍ AN DEIREADH – PROTASTÚNAIGH AGUS POLAITÍOCHT IN ÉIRINN CHOMHAIMSEARtha

Clifton House, Mon 4th Aug, 12 noon

Drawing on his own experience as a 'dissenter', Robbie McVeigh suggests that there are two complementary but distinct challenges for Protestants in Ireland – first, how they make sense of their Irishness and, second, the politics that they associate with this sense. He concludes by offering a radical re-envisioning of Irish Protestant identity as a way out of present discontents. Robbie McVeigh is a researcher and writer based in Scotland. He has written extensively on racism and sectarianism in Ireland, north and south, most recently 'We're up to our necks in fenian blood': What is to be (un)done about Ulster Protestant Identity' (forthcoming 2014).

Teach Clifton, Dé Luain 4 Lúnasa, 12 nóin

Agus é ag baint leasa as a thaithí féin mar 'easaontóir', maíonn Robbie McVeigh go bhfuil dhá dhúshlán comhaimseartha ach ar leith ann do Phrotastúnaigh in Éirinn – sa chéad dul síos, an dóigh a mbaineann siad ciall as a n-Éireannachas agus, sa dara dul síos, an pholaitíocht a nascann siad leis an chiall seo. Cuirfidh sé críoch leis an chaint trí athshamhlú radacach ar fhéiniúlacht Phrotastúnach Éireannach a mholadh mar bhealach leis na haighnis láithreacha a réiteach. Is taighdeoir agus scríbhneoir é Robbie McVeigh atá lonnaithe in Albain. Scríobh sé go forleathan ar chiníochas agus ar sheicteachas in Éirinn, thuaidh agus theas. Scríobh sé 'We're up to our necks in fenian blood': What is to be (un)done about Ulster Protestant Identity' (a bheidh le foilsiú ar ball in 2014), le déanaí.

HUMAN RIGHTS & INVESTIGATIVE JOURNALISM CEARTA DAONNA & IRISEOIREACHT INIÚCHACH

St Mary's University College, Mon 4th Aug, 12 noon

Amnesty International's popular annual journalism event returns. Multi-award winning investigative journalist Iain Overton has worked for BBC, ITN, Bureau of Investigative Journalism and with The Guardian, Daily Telegraph, Financial Times, Spectator and New Statesman. He has exposed the truth about CIA drone attacks, deaths in police custody and been witness to the devastating impact of armed violence - making documentaries under fire in Somalia, Iraq and Colombia.

Chair Malachi O'Doherty.

Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Dé Luain 4 Lúnasa @ 12 nóin.

Beidh ócáid bhliantúil agus mhóréilimh iriseoireachta Amnesty International ar ais. D'oibrigh an t-iriseoir iniúchach a bhfuil ilduaiseanna bainte aige, Iain Overton don BBC, ITN, sa Bhiúro Iriseoireachta Iniúcháí agus le The Guardian, Daily Telegraph, Financial Times, Spectator agus le New Statesman. Nocht sé an fhírinne faoi ionsaithe ladraínn an CIA, básanna faoi choimeád na bpéas agus bhí sé ina fhinné ar an éifeacht mhillteach a bhí ag foréigean armtha. Rinne sé cláracha faisnéise faoi lámhach sa tSomáil, san Iaráic agus sa Cholóim. **Cathaoirleach: Malachi O'Doherty.**

THE BRITISH MEDIA AND BLOODY SUNDAY



THE BRITISH MEDIA AND BLOODY SUNDAY

Conway Mill, Tues 5th Aug, 5pm

Lecture/talk with authors of new book soon to be released: By Greg McLaughlin and Stephen Baker. In a cross media analysis that spans a period of almost forty years up to the publication of the Saville Report in 2010, *The British Media and Bloody Sunday* identifies two countervailing impulses in media coverage of Bloody Sunday and its legacy: an urge in the press to rescue the image and reputation of the British Army versus a troubled conscience in TV current affairs and drama about what was done in Britain's name. In so doing, it suggests a much more complex set of representations than a straightforward propaganda analysis might allow for – one that says less about the conflict in Ireland than it does about Britain, with its loss of empire and its crisis of national identity. **Price: Free**

Organised by: Seán Murray, Conway Creative Arts Centre.
Contact Details: 07718 522347

NA MEÁIN BHRIOTANACHA & DOMHNACH NA FOLA

Muileann Mhic Con Míche, Dé Máirt 5 Lúnasa 5i.n.

Léacht/caint le húdair leabhair nua a bheidh le heisiúint ar ball: ag Greg McLaughlin agus Stephen Baker. In anailís tras-mheán a phléann le tréimhse beagnach daichead bliain suas go foilsíú Tuarascáil Saville in 2010, aithníonn 'The British Media and Bloody Sunday' dhá ríog frithchúitimh i gclúdach na meán ar Dhomhnach na Fola agus ar a rian: ríog sa phreas íomhá agus clú Arm na Breataine a tharrtháil in éadan coinsiasa shuaite i gcúrsaí reatha agus i ndrámáí ar an teilifís faoina ndearnadh in ainm na Breataine. Agus iad seo á ndéanamh acu, cuireann sé tacar ionadaíochtaí i bhfad níos coimpléascaí in iúl ná mar a ligfeadh anailís dhíreach bolscaireachta – ceann a chuireann níos lú eolais in iúl faoin choimhlint in Éirinn ná faoin Bhreatain, agus a himpireacht caillte aici agus an ghéarchéim ina féiniúlacht náisiúnta.

Saor in Aisce

Eagraithe ag: Seán Murray, Ionad Ealaíon Cruthaitheach Mhic Con Míche. **Sonraí Teagmhála:** 07718 522347



From Divis to the City Hall - 50 Years Policing the Flag

St Mary's University College, Mon 4th Aug, 2pm

In 1964 the RUC removed a tricolour from Sinn Féin election offices in Divis Street, after Ian Paisley and a loyalist crowd threatened to remove it. In 2014 the PSNI said they could not act against protestors carrying Union flags, a position later called into question by a court judgement. Brian Feeney examines the volatile question of flags then and now. **Chair Debbie Watters**

Ón Dubhais go Halla na Cathrach - 50 Bliain de Phóilíníú Agóidí Brataí

Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Dé Luain 4 Lúnasa @ 2i.n.

In 1964 bhain an RUC bratach na hÉireann d'oifigí toghcháin Shinn Féin i Sráid na Dubhaise i ndiaidh do Ian Paisley agus do dhronn dílseoirí bagairt go mbainfeadh siad í. In 2014, dúirt an SPTÉ nach dtiocfadh leo gníomhú in éadan agóideoirí ag iompar bratacha na Ríochta Aontaithe, rud a cheistigh breithiúnas cúirte. Pléifidh Brian Feeney ceist thaghdach na mbratacha ag an am sin agus anois. **Cathairleach: Debbie Watters**



CEASEFIRE

Ceasefire

St Mary's University College, Mon 4th Aug, 7 pm

Twenty years ago two ceasefire statements - one from the IRA and the other from the Combined Loyalist Military Command - were read and heard across the world's news networks. After long years of war, this was the beginning of a new peace. In Belfast and Dublin, Correspondents Eamonn Mallie, Charlie Bird, Ivan Little, Judith Hill and Brian Rowan reported on those historic developments and, now, they tell the story of those headlines days.

Sos Cogaidh

Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Dé Luain 4 Lúnasa @7i.n.

Fiche bliain ó shin léadh agus chualathas dhá ráiteas sos cogaidh - ceann ón IRA agus ceann eile ón Combined Loyalist Military Command ar fud líonraí nuachta an domhain. I ndiaidh na mblianta fada cogaidh, tús le síocháin nua a bhí ann. I mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath, thuairiscigh na freagróirí, Eamonn Mallie, Charlie Bird, Ivan Little, Judith Hill agus Brian Rowan ar na himeachtaí stairiúla seo agus, anois, inseoidh siad a scéalta faoi na laethanta cinnlínte sin.

St Mary's University College
Tues 5th Aug, 2pm
Leonard Peltier, an American Indian Movement activist, has been in jail for 39 years over a confrontation with federal agents on the Pine Ridge Reservation in South Dakota. Dorothy Ninham, co-founder of the first ever Native American programme working with the treatment of alcoholism and drug abuse in the Milwaukee, Wisconsin area will talk about the campaign for the release of Leonard Peltier and the general context of US government treatment of Native Americans through its Bureau of Indian Affairs, including the abuse that took place in boarding schools.

Coláiste Ollscoile Naomh Muire
Dé Máirt 5 Lúnasa @ 2i.n.
Bhí Leonard Peltier, gníomhaí Gluaiseachta Indiaí Meiriceánaí, i bpríosún le 39 bliain anuas mar gheall ar chaimirt le gníomhairí cónaidhmeacha ar Thearmann Pine Ridge in Dakota Theas. Labhróidh Dorothy Ninham, comhbhunaitheoir an chéad chlár Indiaigh Mheiriceánaigh ag plé le cóireáil an alcólachais agus mhí-úsáid drugaí i gceantar Milwaukee, Wisconsin, faoin fheachtas chun Leonard Peltier a scaoileadh agus faoi chomhthéacs ghinearálta na drochíde a thugann rialtas na SA do na Meiriceánaigh Dhúchasacha, trína Bhiúró um Chúrsaí Indiach Meiriceánach, an drochíde a tharla i scoileanna cónaithe san áireamh.



West Belfast Féile Health Lecture

St Mary's University College, Tues 5th Aug, 5pm

DIFFERENT APPROACHES TO ADDRESSING PROBLEM DRUG AND ALCOHOL USE

Joe Barry is Professor of Population Health at Trinity College Dublin. His research interests include the epidemiology of drug and alcohol use, drug and alcohol mortality and morbidity, evaluation of psychosocial interventions and policy impact. He is a member of the National Advisory Committee on Drugs and Alcohol and has served on numerous policy groups in the field of alcohol and substance use over the past 20 years. He is a strong advocate of service user involvement in healthcare delivery. These issues will be addressed in his talk.

Léacht Sláinte Féile Iarthar Bhéal Feirste

Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Dé Máirt 5 Lúnasa @ 5i.n.

Cuir chuige éagsúla chun tabhairt faoi fhabhanna a bhaineann le mí-úsáid drugaí agus alcóil.

Is ollamh i Sláinte an Daonra é Joe Barry i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. I measc a shuimeanna taighde tá eipidéimeolaíocht mhí-úsáid drugaí agus alcóil, rátaí báis agus galracha drugaí agus alcóil, measúnú ar idirghabhálacha síceasóisialta agus tionchar polasaí. Tá sé ina bhall den Choiste Náisiúnta Comhairleach ar Dhrugaí agus Alcól agus bhí sé i seirbhís ag grúpaí polasaí i réimse na mí-úsáide alcóil agus substaintí le 20 bliain anuas. Molann sé rannpháirteachas úsáideoirí seirbhísí go mór i soláthar chúram sláinte. Tabharfaidh sé faoi na ceisteanna seo ina léacht.




Stailc Oibrithe Uladh

Ionad Pobail Highfield, Dé Máirt 5 Lúnasa @ 7i.n.

For large sections of the Protestant working class, the UWC strike of May 1974 produced a cathartic moment, an awakening to the power of mass mobilisation. Forty years on, we reflect on the strike in all its complexity. This event features a talk by historian Ian S. Wood, an exhibition of historical artefacts from the period, and a panel discussion involving local residents, who give testimony to the communal spirit that existed in those weeks and months.

Don chuid is mó den lucht oibre Protastúnach, ba chúis le móimint chatairseach stailc an UWC i mí Bealtaine 1974, sin tuiscint ar chumhacht an ollshlógaidh. Daichead bliain, níos moille, déanfaidh muid machnamh ar choimpléascacht iomlán na stailce. San ócáid seo beidh caint ón staraí Ian S. Wood, taispeántas de dhéantáin stairiúla ón tréimhse agus díospóireacht phainéil a mbeidh cónaitheoirí áitiúla ann a thabharfaidh fianaise ar spiorad an phobail a bhí ann sna seachtainí agus míonna sin.



PJ McGrory Lecture - No Justice, No Peace

St Mary's University College, Tues 5th Aug, 7pm

Léacht PJ McGrory – Gan Ceartas, Gan Síocháin
Dé Máirt 5 Lúnasa @ 7i.n. Coláiste Ollscoile Naomh Muire

Carole Duggan and Jude Lanchin will discuss the campaign for justice for Mark Duggan. Carole is the aunt of Mark Duggan, killed by police in Tottenham on 4th August 2011, an event which sparked riots across England. In January after an inquest verdict of "lawful killing" Carole said the family were going to fight for justice for Mark's children and declared "No Justice, No Peace". Jude is a criminal defence solicitor with Bindmans LLP. She has acted for defendants on charges arising from the 2011 riots and previously for suspects in the PC Blakelock investigation. **Chair Mike Ritchie, Relatives For Justice.**

Pléifidh Carole Duggan agus Jude Lanchin an feachtas um cheartas do Mark Duggan. Is aintín Mark Duggan í Carole, ar mharaigh na peas é in Tottenham ar 4 Lúnasa 2011, rud a spreag círeibeanna ar fud Shasana. In Eanáir, i ndiaidh bhreithiúnas an ionchoisne go ndearnadh "marú dleathach", dúirt Carole go mbeadh an teaghlach ag dul troid le haghaidh ceartais do pháistí Mark agus d'fhógair sí "Gan Ceartas, Gan Síocháin". Is dlíodóir cosanta coirpeach í Jude le Bindmans LLP. Ghníomhaigh sí ar son cosantóirí ar chúisimh a tháinig chun cinn ó na círeibeanna in 2011 agus roimhe ar son amhrastach i bhfiosrúchán PC Blakelock. **Cathaoirleach: Mike Ritchie, Gaolta um Cheartas.**

The Wild Geese: Facts and Fictions

St Mary's University College, Tues 5th Aug, 12noon

This talk will look at the early origins of Irish continual service which long pre-dated the Treaty of Limerick which in popular belief was the event that began the tradition of 'Wild Geese'. Irish units were found in several European armies and the Irish 'professional officer' was a notable feature of the European military scene. Irish service outside Europe will also be considered. Why did these men choose to leave their own country and risk death in the service of a foreign monarch? Which social groups were most likely to join the outflow and did this change over time?

Na Géanna Fiáine: Fíricí agus Ficsin

Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Dé Máirt 5 Lúnasa @ 12nóin.

Pléifidh an chaint seo le bunúis luatha na seirbhíse leanúnaí Éireannaí a bhí ann go maith fada roimh Chonradh Luimnigh inar creideadh go forleathan gurbh í seo an ócáid a chuir tús le traidisiún na 'Géanna Fiáine'. Bunaíodh aonaid Éireannacha i roinnt arm Eorpach agus bhí 'an t-oifigeach gairmiúil' Éireannach ina ghné shuntasach de shaolréim mhíleata na hEorpa. Déanfar machnamh ar sheirbhís na nÉireannach taobh amuigh den Eoraip chomh maith. Cén fáth ar bheartaigh na fir seo a dtír a fhágáil agus dul sa bhearna bhaoil i seirbhís monairc choimhthigh? Cérbh iad na grúpaí sóisialta a bhí i measc na sluaite a d'fhág an tír le dul i mbun seirbhíse ar tharla sé seo thar tréimhse ama?



Rule Britannia: The Judge, the General and the 'Letters of Comfort - British Impunity in the 1970s'

St Mary's University College, Wed 6th Aug, 2.30

The principle that "No-one is above the law" is the most basic protection we have. Yet during the conflict in the North of Ireland, British soldiers who killed or wounded people had a corrupt "get out of jail free" card. Previously, secret documents unearthed in London by the PFC show the cosiest of relationships between the British Army and the Attorney General. They also show London cynically cheated both bereaved families and the injured out of justified compensation. The Pat Finucane Centre, Derry: 028 71 268846.

Rule Britannia: An Breitheamh, an Ginearál agus na 'Litreacha Suaimhnis – Saoirse ó Phionós na Breataine sna 1970í'

Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Dé Céadaoin 6 Lúnasa @ 12.30i.n.

Is é an prionsabal "Níl duine ar bith ann beag beann ar an dlí" an chosaint is bunúsaí atá againn. I rith na coimhlinte i dTuaisceart Éireann áfach, deonadh díolúintí éilitheacha ar shaighdiúirí na Breataine a mharaigh no a ghortaigh daoine. Roimhe sin, léirigh cáipéisí rúnda a fuair an PFC i Londain an dlúthchaidreamh idir Arm na Breataine agus an tArd-Aighne. Léirigh siad an chaimiléireacht chiniciúil a rinne na húdaráis i Londain ar theaghlach na marbhánach agus na daoine a gortaíodh agus iad ag iarraidh cúitimh chirt. Ionad Pat Finucane, Doire: 028 7126 8846.

You'd better get born in someplace else...

St Mary's University College, Wed 6 Aug, 2pm

How far has Irish Travellers' struggle for equality come in 2014? What are the obstacles to achieving full equality? How can they be addressed?

Travellers in the 26 counties of Ireland are campaigning for legal recognition as an ethnic minority, while in the 6 counties such legal recognition already exists. Yet, despite a degree of hard won progress, across the island, Travellers continue to be among the most discriminated and marginalised of all groups. **Bridget Quilligan**, Director, Irish Traveller Movement and **Mark Donahue**, Traveller Gypsy Network will take part in a panel discussion. Chair, **Robbie McVeigh**, a researcher and writer who has published widely on Travellers and racism. An Munia Tober Traveller Women's Singing Group will also make a guest appearance. West Against Racism Network

Bheadh sé níbfhearr dá mbéarfaí in áit éigin eile thú...

Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Dé Céadaoin 6 Lúnasa, 2i.n.

Cé chomh fada atá Lucht Taistil na hÉireann chun cinn in 2014 ina streachailt chun comhionannas a bhaint amach? Cad iad na constaicí atá ag cur baic ar chomhionannas iomlán a bhaint amach? Cad é mar is féidir dul ina gceann?

Tá an Lucht Taistil sna 26 contae i mbun feachtais chun aitheantas dleathach mar mhionlach eitneach a bhaint amach, cé go bhfuil a leithéid seo d'aitheantas ann sna 6 contae cheana féin. Cé go bhfuil dul chun cinn ar leith déanta, tá an Lucht Taistil i measc na luchtanna is mó idirdhealaithe agus imeallaithe ar fud an oileáin go fóill. Glacfaidh **Bridget Quilligan**, Stiúrthóir Ghluaiseacht an Lucht Taistil agus **Mark Donahue** ó Lónra an Lucht Taistil agus an Phobal Gíofóg páirt i ndíospóireacht phainéil. Beidh **Robbie McVeigh**, taighdeoir agus scríbhneoir a bhfuil saothar foilsithe go forleathan aige ar an Lucht Taistil agus ar chiníochas ina Cathaoirleach uirthi. Beidh Grúpa Amhránaíochta Mhná an Lucht Taistil ó An Munia Tober ann fosta. Lónra Iarthar Bhéal Feirste in éadan Ciníochais.



WEST BELFAST TALKS BACK



Cur agus Cúiteamh Iarthar Bhéal Feirste

Coláiste Cuimsitheach Naomh Labhaoise, Dé Céadaoin 6 Lúnasa, 7i.n.

Beidh an t-iriseoir BBC Noel Thompson ina óstach ar an díospóireacht mhóréilimh seo a phléifidh cúrsaí reatha áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. I measc na gcainteoirí ann beidh John O Dowd BTR, an tAire Oideachais. Beidh na daoine eile le cinntiú.

West Belfast Talks Back

St Louise's Comprehensive College, Wed 6th Aug, 7pm

BBC journalist Noel Thompson hosts the ever popular panel discussion which covers local, national and international affairs.

Speakers include John O Dowd MLA, Minister for Education. Others to be confirmed.



The consequences of using legal highs

St Mary's University College, Wed 6th Aug, 5:30pm-7pm

The West Belfast District Policing and Community Safety Partnership (DPCSP) is made up of political representatives, publically appointed members of the community, and statutory organisations that play a role in tackling crime and antisocial behaviour. Representatives from the Upper Falls, Greater Falls and Upper Springfield Community Safety Forums, CRJI, 50+ Forum and Blackmountain Action Group are also invited to sit on the group. Alongside our partners, the DPCSP aims to build safer, shared and confident communities through ongoing community engagement and the delivery of local services. The Partnership also aims to build confidence in the justice system, in particular the police. As part of the Féile, the West Belfast DPCSP will be hosting a public event themed around legal highs and its impact on the community. The Partnership is currently working with a group of concerned mothers to raise awareness of the consequences of using legal highs.

Iarmhairtí mhí-úsáid drugaí dleathacha

Dé Céadaoin 6 Lúnasa, 5:30i.n.-7i.n. Coláiste Ollscoile Naomh Muire

Ar Pháirtíocht Póilíneachta Ceantair agus Sabháilteachta Pobail Iarthar Bhéal Feirste (PPCSP) tá ionadaithe polaitiúla, baill den phobal ceaptha go poiblí agus eagrais reachtúla a bhfuil ról acu tabhairt faoi choir agus iompar fhrithshóisialta. Cuirtear fáilte roimh ionadaithe ó Fhóraitm Sábháilteachta Pobail Uachtar na bhFál, Mórcheantar na bhFál, Uachtar Chluanaí, CRJI, Fóram 50+ agus roimh Ghrúpa Aicsin an tSléibhe Dhuibh suí ar an ghrúpa. I gcomhar lenár bpáirtneirí, is í aidhm an PPCSP pobail níos sábháilte, roinnte agus muiníní a fhorbairt trí rannpháirteachas leanúin leis an phobal chun seirbhísí áitiúla a sholáthar. Is í aidhm na Páirtíochta fosta muinín a chothú sa chóras ceartais, go háirithe sna péas. Mar chuid de Féile, beidh PPCSP Iarthar Bhéal Feirste in hóstach ar ócáid phoiblí bunaithe ar an téama faoi mhí-úsáid drugaí dleathacha agus faoina dtionchar ar an phobal. Tá an Pháirtíocht ag obair le grúpa de mháithreacha buartha chun feasacht a mhúscaill faoi iarmhairtí mhí-úsáid drugaí dleathacha.



Relatives for Justice hosts "Dealing with the Past: Hugh Orde in conversation with John Ware"


Balmoral Hotel, Thurs 7th Aug, 3pm-5pm

The first PSNI Chief Constable and now President of the Association of Chief Police Officers **Hugh Orde** with leading investigative journalist **John Ware** in discussion on dealing with our past. Truth recovery and dealing with our past have been up until now formally located within PSNI structures. Arguably, this has both compromised families' search for truth and accountability and contaminated the development of an independent police service. Relatives for Justice's continuing endeavour to promote discussion on dealing with the past and truth recovery for families brings these two men together in conversation. Opening Remarks by **Clara Reilly**, Chairperson of Relatives for Justice, and Closing remarks by **Denis Bradley**. For more information please visit www.relativesforjustice.com

Beidh Gaolta um Cheartas ina óstach ar "Ag Déileáil leis an Am atá Caithe: Hugh Orde i gcomhrá le John Ware"

Óstán Balmoral, Déardaoin 7 Lúnasa, 3:00i.n.-5:00i.n.

Beidh Chéad Phríomh-Chonstábla na SPTÉ agus anois Uachtarán Chumann na bPríomh-Phóilíní Hugh Orde i mbun caibidle leis an príomhrioseoir iniúchach John Ware faoin dóigh is fearr le déileáil leis an am atá caithe. Bhí athghabháil na fírinne agus déileáil leis an am atá caithe lonnaithe taobh istigh de struchtúir na SPTÉ go dtí seo. D'fhéadfaí a rá gur chuir sé seo bac ar theaghlaigh an fhírinne agus freagracht a chuardach agus gur thuilligh sé forbairt seirbhíse póilíneachta neamhspleáiche. Cuirfidh Gaolta um Cheartas an bheirt agus le chéile le dul i mbun comhrá, agus é ag iarraidh leanstan ar aghaidh plé ar dhéileáil leis an am atá caithe agus an fhírinne a athghabháil do theaghlaigh a chur chun cinn. Déarfadh Clara Reilly, Cathaoirleach Ghaolta um Cheartas na focail tosaigh agus déarfadh Denis Bradley na focail deiridh. Le haghaidh tuilleadh eolais tabhair cuairt ar: www.relativesforjustice.com le do thoil.




Poppy and Lily

Philip Orr, WW1 Historian and Joe Austin, National Graves Association
Cumann na Meirleach/Felons Club
Coiste Thurs 7th Aug, 3pm
Ex POW Consortium

Poppy agus Lily

Philip Orr, Staraí an Chéad Chogaidh Dhomhanda agus Joe Austin, Cumann Náisiúnta na nUaigheanna
Cumann na Meirleach agus Cuibhreannas Iarchimí Coiste.
Déardaoin 7 Lúnasa @ 3i.n.

BALLYMURPHY



Ballymurphy documentary Screenings

Conway Mill, 7th and 8th Aug, 7pm during festival

Over a three day period in August 1971, five months prior to Bloody Sunday, the British Army murdered eleven unarmed civilians in what was later to be known as the 'Ballymurphy Massacre'. Forty three years on, this film/documentary looks at the families quest for truth and justice, focusing on the revelation that the same soldiers who carried out the killings in Derry on 'Bloody Sunday', may have been also responsible for the murders in Ballymurphy. Commentators include family members, prominent politicians and leading academics. **Admission Price: £4 (Funds go directly to campaign) – pay at door**

Cuir ar scaileán chlár faisnéise ar Bhaile Uí Mhurchú Muileann Mhic Con Midhe, 7 agus 8 Lúnasa 7i.n. i rith na féile

Thar tréimhse thrí lá i Lúnasa 1971, cúig mhí roimh Dhomhnach na Fola, mharaigh Arm na Breataine aon shibhialtach neamharmtha déag i dteagmhas a dtabharfaí 'Ár Bhaile Uí Mhurchú' air níos moille. Daichead is trí bliana níos moille, léiríonn an scannán/clár faisnéise seo iarrachtaí na dteaghlach chun teacht ar an fhírinne agus ar cheartas. Díróinn sé ar an nochtadh go bhféadfaí go raibh na saighdiúirí céanna a mharaigh daoine i nDoire ar Dhomhnach na Fola freagrach as na maruithe i mBaile Uí Mhurchú. I measc na dtráchtairí ann, beidh baill teaghlaigh, polaiteoirí mór-le-rá agus príomhacadóirí Táille Isteach: £4 (Tabharfar na fáiltais don Fheachtas) – íoc ag an doras.

Trócaire's Human Rights Talk: The ongoing displacement of Palestinians

St Mary's University College, Fri 8th Aug, 5pm

At the beginning of the 20th century, most Palestinians lived inside the borders of Palestine. Major periods of forcible displacement by Israel over the last century transformed Palestinians into the largest and longest-standing unresolved refugee case in the world today.

Nidal Alazza is a Palestinian academic and human rights defender, who serves as director of Badil, a Palestinian Human Rights organisation. He is a Palestinian refugee from Aida refugee camp in Bethlehem and has been imprisoned and tortured several times by the Israeli authorities for his work. He will speak on BADIL's campaign for a solution to the ongoing displacement of the Palestinian people, calling for a rights-based approach and full adherence by Israel to international law.



Caint Trócaire ar Chearta Daonna: Easáitiú leanúnach na bPalaistíneach

Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Dé hAoine 8 Lúnasa @ 5i.n.

Ag tús an 20ú céad, bhí cónaí ar an chuid is mó de na Palaistínigh taobh istigh de theorainneacha na Palaistíne. De dheasca na bpríomhthréimhsí d'easáitiú foréigneach déanta ag Iosrael, rinneadh an mhuintir dídeanaithe is mó agus an cás is seanbhunaithe agus neamhréitithe de na Palaistínigh ar an domhan inniu.

Is acadóir agus cosantóir ceart daonna Palaistíneach é Nidal Alazza atá ina stiúthóir ar Badil, eagrais Palaistíneach um Chearta an Duine. Is dídeanaí Palaistíneach é ó champa dídeanaithe Aida i mBeithil ar chuir na húdaráis Iosraelacha i bpríosún é agus a ndearna siad céasadh air cuid mhór uaireanta as a chuid oibre. Labhróidh sé faoi fheachtas BADIL chun teacht ar réiteach ar easáitiú leanúnach mhuintir na Palaistíne, ag iarraidh cur chuige bunaithe ar chearta an duine agus go cloífidh Iosrael go hiomlán leis na dlíthe idirnáisiúnta.

PALESTINE DAY



LÁ NA bPALAISTÍNEACH

Palestine Day

St Mary's University College, Thurs 7 Aug, 2pm

The European Union and Palestine: Partner for Peace or Partner in Oppression?

2:00 Lecture and Discussion by David Cronin will speak on his book, Europe's Alliance with Israel: Aiding the Occupation before handing in a letter of protest at European Union offices, Shaftesbury Square @ 4pm

7:00 Panel discussion. Martina Anderson, MEP, Sinn Féin, Miri Weingarten Adalah; Public Committee Against Torture; Physicians for Human Rights; European Union Advocacy Officer, David Cronin, author, activist and journalist

What did the Women do anyway?

St Mary's University College, Thurs 7th Aug, 3pm

Liz Gillis, historian and tour guide in Kilmainham Gaol, has written a number of books about the Irish Revolutionary period 1913-24 and is currently working on her next book, "Women of the Revolution", a photographic study of women and the Irish revolution. Her lecture will cover this period, focussing on many lesser known women who took part in the Revolution and their life afterwards.

Lá na bPalaistíneach

Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Déardaoin 7 Lúnasa @ 2i.n.

An tAontas Eorpach agus an Phalaistín: Páirtneir i gcomhair Síochána nó Páirtneir i gCos ar Bolg?

2:00i.n. Léacht agus Díospóireacht. Labhróidh an t-údar David Cronin faoina leabhar 'Europe's Alliance with Israel: Aiding the Occupation' sula bhfágfar litir agóide isteach in oifig an Aontais Eorpaigh, Cearnóg Shaftesbury @ 4i.n.

7:00i.n. Díospóireacht Phainéil. Martina Anderson, BTR, Sinn Féin, Miri Weingarten Adalah; Coiste Poiblí in aghaidh Céasta; Lianna um Chearta an Duine; Oifigeach Abhcóideachta an Aontais Eorpaigh, David Cronin, údar, gníomhaí agus iriseoir.

Cad é a rinne na Mná ar aon nós?

Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Déardaoin 7 Lúnasa @ 3i.n.

Scróbh an staraí agus an treoraí turasoíreachta i bPríosún Chill Mhaighneann, Liz Gillis, roinnt leabhar ar an tréimhse Réabhlóideach in Éirinn 1913-24 agus tá sí ag obair faoi láthair ar an chéad leabhar eile sa 'aici, "Women of the Revolution", staidéar grianghrafadóireachta ar mhná agus ar an réabhlóid Éireannach. Díreoidh a léacht ar an ré sin, go háirithe ar na mná is lú aithne orthu a ghlac páirt sa Réabhlóid agus ar a saol ina diaidh.

Mairead Farrell



Ex-POWs' Day

Cumann na Meirleach, Fri 8th Aug

Lá na nIarchimí

Cumann na Meirleach, Dé hAoine 8 Lúnasa

12 noon - 'Basque Peace Process and Prisoner Situation.' Guest speakers from Basque Country. Belfast Basque Committee with Coiste na n-Iarchimí



1pm - What did you do during the war, mammy?' Activists speak about the role of women during the conflict. Panellists: Jennifer McCann, former prisoner & MLA; Anne Marie McWilliams former Internee; and Sheila McVeigh, veteran community and political activist.

3pm - Cumann na mBan - lecture on history of organization and role in the struggle, Guest speaker - Olive Maguire.

4pm - 'Mairéad Farrell - Cómhra nár Chríochnaigh', An Unfinished Conversation. Premiere showing of forthcoming TG4 documentary on the life of IRA Volunteer Mairead Farrell who with Dan McCann & Sean Savage was killed by the SAS in Gibraltar in 1988. Presented by Bríona Nic Dhiarmada, Produced by Vanessa Gildea, Loopline Film.

12i.n. - 'Próiseas Síochána Bascach agus Staid na bPríosúnach.' Aoichainteoirí ó Thír na nBascach. Coiste Bascach Bhéal Feirste i gcomhar le Coiste na nIarchimí.

1i.n. - 'Cad é a rinne tú i rith an chogaidh a Mhamá?' Labhróidh gníomhaithe faoi ról ban i rith na coimhlinte. Painéalaithe: **Jennifer McCann**, iarchime agus BTR; **Anne Marie McWilliams** iar-imtheorannáí; agus **Sheila McVeigh**, gníomhaí pobail agus polaitiúil.

3i.n. - Cumann na mBan - léacht ar stair na heagraíochta agus ar a ról sa choimhlint. Aoichainteoir - **Loretta Moore**.

4i.n. - 'Mairéad Farrell - Cómhra nár Chríochnaigh', An Unfinished Conversation. An chéad chraoladh de chlár faisnéise a bheas le craoladh ar TG4 ar ball ar shaol an Óglaigh IRA Mairead Farrell ar mharaigh an SAS í mar aon le Dan McCann agus Sean Savage i nGibráltar in 1988. Á Chur i Láthair ag Bríona Nic Dhiarmada. Léirithe ag Vanessa Gildea, Loopline Film.

The International Brigadiers-In Their Own Words

Shankill Library, Fri 8th Aug, 12noon

Light lunch followed by readings from and about the International Brigadiers. Contributors: Marlene Sidaway, actor and President of the International Brigade Memorial Trust, Sinead Morrissey, Belfast's first Poet Laureate, John Gray, historian, Dawn Purvis, political activist and play-wright. Belfast and District Trades Council, Irish Congress of Trade Unions Youth Committee, Greater Shankill Partnership, and Trademark. Contact: 07751 951785.

Na Briogáidí Idirnáisiúnta – Ina bhFocal Féin

Leabharlann na Seanchille, Dé hAoine 8 Lúnasa 2014 @ 12 noon

Lón éadrom le léamha ó agus faoi na Briogáidí Idirnáisiúnta ina dhiaidh. Rannpháiríthe: Marlene Sidaway, aisteoir agus Uachtarán Iontaobhas Cuimhneacháin na mBriogáidí Idirnáisiúnta, Sinead Morrissey, An Chéad Poet Laureate i mBéal Feirste, John Gray, staraí, Dawn Purvis, gníomhaí polaitiúil agus drámadóir. Comhairle Ceardchumann Bhéal Feirste agus Ceantair, Coiste Óige Chomhdháil na gCeardchumann, Páirtíocht Mhórchearntar na Seanchille, agus Trademark. Cuir scairt ghutháin ar: 07751 951785.



THE FIRST WORLD WAR

Lectures and Exhibition, Falls Library, Mon 4th – Fri 8th Aug



AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA

Lectures and Exhibition

Leabharlann na bhFál, Dé Luain 4ú – Dé hAoine 8ú Lúnasa.

Soldiers from Belfast served on every major First World War battlefield, in the armies of many nations, and died in Flanders, France, Gallipoli, Germany, Greece, Italy, Mesopotamia, Russia and Palestine. By the end of the First World War in November 1918 the political landscape of Ireland had been radically changed. How should we remember and commemorate those who died who represented both the unionist and nationalist tradition? What was the impact of the war on women and those at home? Féile an Phobail is hosting a series of talks including presentations by PRONI (Public Records Office Northern Ireland) to reflect on how we should understand the momentous events of 1914-1918. Members of the public are invited to contribute the story of their own family's military history. Chaired by **Claire Hackett**, project manager Dúchas oral history project & 'Pieces of the Past' involving nationalist and unionist working-class communities work on 'history and memory'.

Mon 4th Aug, 1pm – Launch of exhibition on 6th Connaught Rangers

'Rediscovering the Belfast Nationalists who fought in WWI' - Siobhan Brennan Deane. A thousand men, encouraged by West Belfast MP Joe Devlin, signed up within months of the declaration of war. What were their experiences in the trenches, their experiences upon demobilisation? **Siobhan Brennan Deane**, 6th Connaught Rangers Research Project & Genealogy Researcher (Belfast).

Mon 4th Aug, 7pm – 'Remembering, Forgetting and Commemorating Ireland's Great War: Issues for Belfast' – Prof Richard S Grayson. On the day that the Great War's Centenary begins, this talk will examine how the war has been remembered, forgotten and commemorated in Belfast, reflecting on how this relates to wider issues in Irish (and British) commemoration of the war. **Professor Richard S Grayson** (Goldsmiths, University of London) is the author of *Belfast Boys: How Unionists and Nationalists Fought and Died Together in the First World War*, a military historian, editor, & chairs the Academic Advisory Group for the Digital Projects (Imperial War Museum).

Tues 5th Aug, 1pm – 'The Soul of the Nation: Irish Republicans, War and Rebellion' – Fearghal McGarry on how that wider conflict shaped the 1916 Easter Rising. **Fearghal McGarry** is Reader in Irish History at Queen's University Belfast and has written books about the Spanish Civil War, Frank Ryan, Eoin O'Duffy, & Irish republicanism, including *Rebel: Voices from the Easter Rising*.

Wed 6th August 1pm – 'The Great War and Unionist Memory' – Philip Orr. The importance of military history in unionist identity, its significance now and in the future. **Philip Orr** is a writer, teacher, community worker & author of *The Road to the Somme* and *Field of Bones*.

Thurs 7th Aug 1pm – 'Belfast Women and the Great War' – Dr Margaret Ward & Lynda Walker. A visual account of the impact of war in Belfast, looking at how women mobilised to support the war effort; the impact of war on work and social life and also on women's political organisations. **Dr Margaret Ward** is a feminist historian. Her books include *Unmanageable Revolutionaries: Women and Irish Nationalism* and biographies of Maud Gonne and Hanna Sheehy Skeffington. **Lynda Walker**, a trades union & feminist activist, helped open the first women's centre in Belfast in 1979 and is a member of the boards of Women's TEC and Shankill Women's Centre.

Fri 7th August 1pm – 'The Formation and History of the Three Irish Divisions' – Jimmy McDermott. Historian Jimmy McDermott is author of *Northern Divisions- The Old IRA and the Belfast Pogroms 1920-1922*, and has written extensively and lectured on twentieth century Ireland.

Dé Luain 4 Lúnasa, 1i.n. – Seoladh taispeántais ar na 6th Connaught Rangers

'Ag athaimsiú Náisiúnaithe Bhéal Feirste a throid sa Chéad Chogadh Domhanda' - Siobhan Brennan Deane. Chuaigh míle fear, a bhí spreagtha ag FP Iarthar Bhéal Feirste, san arm laistigh de mhíonna ón fhorfhógra cogaidh. Cérbh iad na heispéaraís a bhí acu sna trínísí agus i ndiaidh a ndíshlógaidh? **Siobhan Brennan Deane**, Taighdeoir Thionscadal Taighde agus Ginealeolaíochta na 6ú Connaught Rangers (Béal Feirste).

Dé Luain 4 Lúnasa, 7i.n. – 'Ag Cuimhniú, ag Déanamh Dearmaid ar agus ag Comóradh an Chogaidh Mhóir in Éirinn: Ceisteanna do Bhéal Feirste' – An tOllamh Richard S Grayson. Ar lá comórtha Céad Bliain an Chéad Chogaidh Dhomhanda, scrúdóidh an chaint seo an dóigh ar cuimhníodh ar an chogadh, a ndearnadh dearmad air agus ar comóradh é i mBéal Feirste. Déanfar machnamh ar an dóigh a mbaineann sé seo leis na ceisteanna níos forleithne i gcomóradh Éireannach (agus Briotanach) an chogaidh. Is údar *Belfast Boys: How Unionists and Nationalists Fought and Died Together in the First World War*, staraí míleata, eagarthóir agus Cathaoirleach ar Ghrúpa Comhairleach Acadúil um Thionscadail Dhigiteacha (Iarsmalann an Chogaidh Impriúil) é an tOllamh Richard S Grayson (Goldsmiths, Ollscoil London).

Dé Máirt 5 Lúnasa, 1i.n. – 'Anam an Náisiúin: Poblachtaigh na hÉireann, Cogadh agus Éirí Amach' Labhróidh Fearghal McGarry faoin dóigh a raibh tionchar ag na coimhlintí níos forleithne ar Éirí Amach na Cásca in 1916. Is léachtóir i Stair na hÉireann in Ollscoil na Banríona é Fearghal agus scríobh sé leabhair faoi Chogadh Cathartha na Spáinne, Frank Ryan, Eoin O'Duffy, agus faoi phoblachtachas in Éirinn, *Rebel: Voices from the Easter Rising*, ina measc.

Dé Céadaoin 6 Lúnasa 1i.n. – 'An Cogadh Mór agus Cuimhne Aontachtach' – Philip Orr. Tábhacht na staire míleata san fhéiniúlacht aontachtach, a tábhacht anois agus amach anseo. Is scríbhneoir, múinteoir, oibrí pobail agus údar *The Road to the Somme and Field of Bones*, é **Philip Orr**.

Déardaoin 7 Lúnasa 1i.n. – 'Mná Bhéal Feirste agus an Cogadh Mór' – An Dr. Margaret Ward agus Lynda Walker. Cuntas amhairc ar thionchar an Chogaidh i mBéal Feirste, a phléfidh an dóigh ar shlóg mná chun tacú leis an dua cogaidh, ar thionchar an chogaidh ar obair, ar an saol shóisialta agus ar eagrais pholaitiúla ban. Is staraí feimineach í An Dr, Margaret Ward. I measc na leabhar arna scríobh aici tá *Unmanageable Revolutionaries: Women and Irish Nationalism* agus beathaisnéis ar Maud Gonne agus Hanna Sheehy Skeffington. Is ceardchumannaí agus gníomhaí feimineach í Lynda Walker, a chuidigh leis an chéad ionad ban a oscaill i mBéal Feirste agus tá sí ina ball de TEC na mBan agus d'Ionad Ban na Seanchille.

Dé hAoine 8 Lúnasa 1i.n. – 'Bunú agus Stair na dTrí Rannán Éireannacha' – Jimmy McDermott. Is staraí agus údar *Northern Divisions- The Old IRA and the Belfast Pogroms 1920-1922*, é Jimmy agus scríobh sé go forleathan agus rinne sé léachtaí ar Éirinn san fhicheadú céad.

WWW.EASTSIDEARTS.NET

EASTSIDE *Arts Festival*

**Thurs 21st – Mon 25th
August 2014**

FEATURING:

Van Morrison | Eric Bell | Marie Jones | Brian Keenan | Sam McCready
Gerald Dawe | Dan Gordon | Glenn Patterson | George Lowden | Kaz Hawkins
| Donal Lunny | Anthony Cronin & More

**WE WOULD LIKE TO WISH OUR FRIENDS IN THE EAST SIDE
ARTS FESTIVAL A GREAT FESTIVAL FOR 2014!**

RMS Titanic: An evening with Dónal Lunny, Anthony Cronin & guests

In partnership with Féile an Phobail - the West Belfast Festival
Strand Arts Centre, Fri 22nd Aug, 7.30-9.00pm

An evening of live music from Dónal Lunny, Allison Sleanor & Graham Henderson, accompanying a live reading by Anthony Cronin of 'RMS Titanic', which has been described as the best epic poem of the 20th century (1961), has been combined with bespoke music written specially by acclaimed traditional Irish musician Dónal Lunny - performed with Allison Sleanor and Graham Henderson. The evening will showcase fantastic Irish music and literary talent and celebrate the legacy of the Titanic alongside the artists' current works. Strand Arts Centre's location and architectural links to the shipyard means it's the perfect venue to host such an event.

Tickets: £10 (£8 concession)



VISUAL ARTS NA HAMHARCEALAÍONA

EXHIBITIONS AT ST MARY'S UNIVERSITY COLLEGE

Thursday 31st July – Saturday 9th August,
9.30am – 5pm daily

*Admission free to all exhibitions unless
otherwise stated*

TAISPEÁNTAIS AG COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE

Déardaoin 1 Iúil – Dé Sathairn 10 Lúnasa,
9.30r.n. – 5i.n. gach lá

*Tá na taispeántais uilig saor in aisce muna
luaítear a mhalairt*

Boat Building of Ireland Exhibition
Jim Fee Exhibition and the Boats
See Page 71

Life's better

when you can relax,
catch up and save.

#translinklifesbetter



let's go together
translink.co.uk

 **Translink**

CLONARD IN CONFLICT: A PHOTOGRAPHIC EXHIBITION

8th & 9th Aug, Clonard Hall, Clonard Monastery, 10am-3pm
For further details contact, Clonard Residents Association
028 9058 5070



PETER FRANCIS FAHY

Is sórt scéalaíochta graifíccí í mo chuid ealaíne, gabháil i stíl ghreannmhar de na Finscéalta Ceilteacha cáiliúla, ach bhí tionchar mór ag na teicnící Manga Seapánach ar an stíl ealaíne. Tá na híomhánna dubh agus bán, dírithe ar charachtair agus úsáideann siad teicnící línescáthlínithe éagsúla. Tagann an finscéal atá mé ag maisiú ón fhinscéal mhór grá ó na Scéalta Miotaseolaíochta den Mhíotaseolaíocht Cheilteach: Meabhlú Étaíne (tugtar 'Tochmarc Étaíne' air go traidisiúnta). Tá rannta gairide curtha le gach léaráid chun cuidiú leo an léitheoir a nascleanúint. Go bunúsach, is bealach nua é chun filíocht agus ealaín a chur le chéile, mar aon le cumasc stíleanna ealaíne chun na finscéalta Ceilteacha a léiriú.

CLUAIN ARD I gCOIMHLINT: TAISPEÁNTAS GRIANGHRAFADÓIREACHTA

8ú & 9ú Lúnasa, Halla Chluain Ard, Mainistir Chluain Ard, 10r.n.-3i.n.
Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le Cumann Áitritheoirí Chluain Ard ar 02890 585070

PETER FRANCIS FAHY

My art is a form of graphic storytelling, a comic style rendition of famous Celtic Legends, but the art style is heavily influenced by Japanese Manga techniques. The images are strictly in black and white, focused on character and use various line shading techniques. The legend that I am illustrating is the epic love story from the Mythological Cycle of Celtic Mythology: The Seduction of Etain (it's traditionally called The Wooing of Etain). Also, short verses are attached to each illustrated piece to help navigate the reader. Essentially the combination of poetry and art, as well as the fusion of art styles is new way to depict Celtic legends.

His love for her will never die, so he rides the sky, over wind that blows.

He lost her as a dragonfly, so he rides the sky, to the North he goes.



SAM FLEMING

The images in my work are derived from the paraphernalia of the urban landscape combined with fragments personal memories. Glimpsed incidents and everyday events become metaphors for greater universal dramas. The juxtaposition of humble everyday elements such as a barking dog, a pylon or a factory window serve to inspire parables of Messengers, Gods and Sentinels. I have drawn on influences of early Renaissance painting and its depiction of supernatural events within a familiar landscape. It is this 'duality' of significance which has become the subject of my recent work.

Tagann na híomhánna i mo chuid saothair ó thranglam an tírdhreacha uirbigh curtha le blúirí de chuimhní pearsanta. Is meafair do dhrámaí níos uilí iad teagmhais spleacaoidh agus gnáthimeachtaí lae. Spreagann neas-suíomh gnátheilimintí amhail madadh ag tafann, piolón nó fuinneog monarchan, parabail faoi Theachtairí, Déithe agus Fairtheoirí. Bhain mé leas as péintéireachtaí na luathAthbheochana a léiríonn imeachtaí osnádúrtha laistigh de thírdhreach aithnídiúil. Is é 'deacht' na tábhachta seo atá mar ábhar mo chuid saothair dhéanaigh.



EXHIBITION OPENING, ART OF COLÁISTE FEIRSTE

Oscailt Taispeántais, Ealaín Choláiste Feirste



Ballaí Bána Gallery, Fri 2nd Aug, 7pm (runs until 6th Sept)
Dánlann na mBalláí Bána, Dé hAoine 2 Lúnasa, 7i.n. (Beidh sé ar siúl go dtí 6 Meán Fómhair)

A selection of art from Coláiste Feirste pupils to mark Féile an Phobail. The students have achieved incredibly high standards in their art, with many reaching A* status at exam level. Awarded 'Overall Public Art Prize' by The West Belfast Partnership, 2012. Wine & refreshments provided.

Cnuasach ealaíne ó dhaltai Choláiste Feirste chun Féile an Phobail a cheiliúradh. Bhain na daltaí ardchaighdeán iontach amach ina gcuid ealaíne, nuair a ghnóthaigh cuid mhór díobh stádas A* ina scrúduithe. Bhronn Páirtíocht Iarthar Bhéal Feirste an 'Overall Public Art Prize' ar Choláiste Feirste in 2012. Beidh fíon agus sólaistí ar fáil.



LEO BOYD – THE BELFAST THAT TIME FORGOT

Having recently moved to Belfast I am able to see this city through the eyes of a visitor, a tourist, a time traveller from the past.

Before moving here I had only visited the city once in 1998 and what struck me this time was how much the city had changed. Gone were the grey land rovers, replaced by shiny bright new Lego toys. There were cranes against the skyline and blanked faced glass office buildings. There were slightly bemused tourists. There was also, thankfully, a lot less military on the streets. The narrative of Belfast was being rewritten. In this series, 'The Belfast that Time Forgot' I am presenting the city in a variety of fantastical guises; a mash up of a Victorian Penny Dreadful, a Gallery of Wonders and a travel book from the future.

Using a mixture of screen-print, painting and collage I have created a series of poster sized images of Belfast whose inspiration derives from B-movies, Victorian adverts, Sci-fi book jackets and Japanese monster films. Built upon the foundations of a very real place The Belfast that Time Forgot is a homage to a city that never existed. This is my footnote in the changing narrative of Belfast.

I ndiaidh dom bogadh go Béal Feirste ar na mallaibh tá mé ábalta an chathair seo a fheiceáil trí shúile cuairteora, turasóra, taistealaí ama ón am seo a chuaigh thart, atá le teacht nó ó áit agus am éigin eile. Sular bhog mé anseo, níor thug me cuairt ar an chathair ach uair amháin in 1998 agus ba é an rud a chuir iontas orm ná an méid a bhí an chathair athraithe. Bhí na jipeanna liatha ar shiúl agus tá bréagáin Lego úrnua ann anois ina n-áit. Bhí crainn tógala le feiceáil sa spéirlíne agus foirgnimh oifige le clúdaigh ghloine orthu. Bhí turasóirí giota beag trína chéile ann. Bhí bhfad níos lú saighdiúirí ar na sráideanna, a bhuíochas le Dia. Tá scéal Bhéal Feirste á hathscríobh.

Sa tsraith seo, 'The Belfast that Time Forgot' tá mé ag cur na cathrach i láthair ar bhealaí fantaisíochta éagsúla; cumasc de Penny Dreadful Victeoiriach, Gailearaí d'Iontais agus leabhar taistil ón todhchaí. Ag úsáid meascáin de phriontaí scáileáin, péint agus colláis, chruthaigh mé sraith íomhánna ar mhéid postaeir de Bhéal Feirste arbh iad B-scannáin, fógraí Victeoiriacha, forchlúdaigh leabhar ficsean eolaíochta agus scannáin Sheapánacha faoi ollphéisteanna a spreagadh iad. Bunaithe ar dhúshraitheanna na fíoráite, is ómós é 'The Belfast that Time Forgot' do chathair nach raibh ann riamh. Seo m'fhonóta i scéal athraitheach Bhéal Feirste.



FIONA BEAN UÍ CHADHLA

I am a fully self-taught artist working primarily in oils. My work displays individual objects and forms within expanses of space. Based in Dublin, I have exhibited locally over a number of years, attracting much interest. My last collection of work was exhibited at the group show Trilogy which took place in May 2011 at the Sol Art Gallery (Athena Room, Dawson Street, Dublin 2). Previous to that I took part in a group show 'Galvanise' (The Back Loft Gallery, Dublin 8), in November 2010. This year, I have had paintings exhibited in Inspire Gallery, Dublin.

Is ealaíontóir iomlán féinmhúinte mé a oibríonn le holaí go príomha. Taispeánann mo chuid saothair réada agus cruthanna indibhidiúla laistigh d'fhairsinge an spáis. Lonnaithe i mBaile Átha Cliath, thaispeáin mé mo chuid saothair go háitiúil le roinnt blianta anuas, rudaí a mheall chuid mhaith suime. Taispeánadh mo chnuasach saothair déanach ag an seó grúpa 'Trilogy' a bhí ar siúl i mí Bealtaine 2011 ag Dánlann Ealaíne Sol (Seomra Athena, Sráid Dásain, Baile Átha Cliath 2). Roimhe sin, ghlac mé páirt i seó grúpa 'Galvanise' (Dánlann The Back Loft, Baile Átha Cliath 8), i Samhain 2010. I mbliana, taispeánadh péintéireachtaí s'agamsa i nDánlann Inspire, Baile Átha Cliath.

COLLABORATIVE WORK BY JOHN DUFFY AND STANO SAOTHAR COMHOIBRÍOCH AG JOHN DUFFY AGUS STANO



Long before John Duffy and Stano met, many who knew them both had thought the one should meet the other. Serendipity made sure they did; blank page and pencil in hand before a life model, no better meeting for two investigating artists. The similarities of each are intriguing. Both are self taught artists with remarkable sensitivities to the visual and to life, and a calm fearlessness that hides no ego but portrays an honest desire to explore, create and share. The differences are dynamic: John uses bright colour, playing with narrative, visual joy (and sorrow), space and expressive marks that speak of self discovery in metaphor; Stano's visual work is rich and warm but shows a tough, visual geometry with vigorous, sensitive and inventive application of paint referencing land and culture.

Fada sular bhuail John Duffy agus Stano lena chéile, shíl daoine a raibh aithne acu orthu gur chóir go mbuaifeadh siad beirt lena chéile. Seirindipíocht a rinne cinnte de sin; leathanach folamh, peann luaithe ina lámh os comhair mainicín, ní raibh áit ar bith níbfhearr don bheirt ealaíontóirí fiosraithe seo bualadh le chéile. Tá cosúlachtaí na beirte an-spéisiúil. Is ealaíontóirí féinmhúinte iad beirt a bhfuil íogaireachtaí iontacha acu maidir leis an amharcealaín agus leis an saol, tá crógacht shéimh orthu nach gceileann féinspéis, ach a léiríonn mian macánta le scrúdú, le cruthú agus le roinnt. Tá na difríochtaí dinimiciúil: baineann John úsáid as dathanna geala, imríonn sé leis an scéal, úsáideann sé lúcháir amhairc (agus brón), spás agus marcanna eispriseacha a chuireann féinfhollasú in iúl trí mheafair; tá saothar amhairc Stano saibhir agus croíúil ach léiríonn sé geoméadracht amhairc leis an dóigh a gcuirtear an phéint leo ar bhealach bhríomhar, íogair agus airgtheach a dhéanann tagairt don talamh agus do chultúr.



FLUID – ANGELA GINN

Angela Ginn studied in Goldsmiths College, University of London, graduating with a BA (Hons) in 1986. She works in mixed media and painting. She is originally from, Glengormley, Co. Antrim. Recent solo exhibitions have included: 'Ragherey' in the Cairlinn Gallery, Carlingford, 'Landed' at the Arttank Gallery, Lisburn Road and 'Household', Belfast. August 2013. She has received many awards, including a number from The Arts Council of Northern Ireland. She is involved in numerous international residencies and public artwork commissions, Ginn's paintings presently reflect & expand on her recurrent themes of living organisms and the body. Vibrancy, energy and spontaneity are important to her work. Colour is a driving force. Our attempts to find and express our bearings in the world and make sense of it is a fundamental desire for all of us, for a visual artist this brings with it the unlimited and exciting non verbal potential and possibilities of a piece of art. This is the challenge with which Ginn is engaging and attempting to manifest in her studio practice.

Rinne Angela Ginn staidéar i gColáiste Goldsmiths, Ollscoil Londan, agus bhain sí céim BE (Onóracha) amach in 1986. Pléann sí leis na meáin mheasctha agus le péintéireacht. Is as Gleann Ghormlaithe, Co. Aontroma ó dhúchas í. I measc na dtaispeántas aonair s'aici bhí: 'Ragherey' i nDánlann Chairlinn, Cairlinn, 'Landed' i nDánlann Arttank, Bóthar Lios na gCearrbhach agus 'Household', Béal Feirste, i Lúnasa 2013. Bhain sí cuid mhór gradam, roinnt díobh ó Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann san áireamh. Tá baint aici le lear mór cónaitheachtaí agus coimisiún d'obair ealaíne phoiblí. Léiríonn agus cuireann péintéireachtaí Ginn lena téamaí athfhillteacha faoi orgánaigh bheo agus faoin corp. Tá beogacht, fuinneamh agus spontáineacht tábhachtach ina saothar. Is fórsa tiománta iad dathanna. Is mian bunúsach dúinn go léir iad ár n- iarrachtaí chun ár n-ábharthacht a fháil ar an domhan agus a chur in iúl agus ciall a bhaint as. D'ealaíontóir amhairc, léiríonn siad seo acmhainn chorrathach neamhbhriathartha gan teorainn agus féidearthachtaí phíosa ealaíne. Seo an dúshlán lena bhfuil Ginn ag plé agus ag iarraidh taispeáint ina cleachtas stiúideo.



FIONA NÍ MHAOILIR


Fiona Ní Mhaoilir is an artist who has lived and worked in Belfast since 1998. Ní Mhaoilir is currently a co director and studio member of Platform Arts, Belfast. The selected works are from a series of unseen and now dismantled notebooks. Drawing is a fundamental element of Fiona's working process as she enjoys the spontaneity, and overall freedom that the process allows. Inspired by random events and common denominators of everyday life, images come into play through an intuitive visual cut and paste. Fiona says of her work: 'Really I'm interested in the overall aesthetic cohesion of the work and it's interacting opposites.'

Is ealaíontóir í Fiona Ní Mhaoilir atá ina cónaí agus atá ag obair i mBéal Feirste ó 1998. Faoi láthair, is comhstíúrthóir agus ball stiúideo de Platform Arts, Béal Feirste í Ní Mhaoilir. Tagann na hoibreacha ealaíne roghnaithe ó shraith leabhar nótaí dofheicthe agus díchoimeáilte. Is eilimint bhunúsach de próiseas oibre Fiona í líniocht mar baineann sí sult as spontáineacht agus as an tsaoirse iomlán a thugann an próiseas di. Agus imeachtaí randamacha mar aon le gnáthchúrsaí den saol laethúil á spreagadh, tagann íomhánna i bhfeidhm trí ghearradh agus greamú amhairc iomasach.

ANDREW WOOLOCK – THIRD-WORLD ARCHITECTURE

This work explores the hidden beauty of the quirky urban cityscapes and architectural forms often found in 'third-world' countries. Constructed around an imagined landscape composed of monolithic reinforced concrete structures this work creates an air of tension as it juxtaposes large, impersonal forms of dubious purpose and origin with a meticulous filigree of delicate scaffolding. The resulting dialogue between these two very different competing elements creates a dynamic and contemporary dialogue of the kind seldom heard. This resolves in a curious feeling of voyeuristic wonder as if one were gazing at the intricate workings of society itself.

Scrúdaíonn an obair seo áilleacht cheilte na ndreach cathrach agus na gcineálacha ailtireachta aisteacha atá go minic i dtíortha sa 'tríú domhan'. Tógtha thart ar thírdhreach samhailta déanta de struchtúir coinchréite treisithe monailiotachúla, cothaíonn an obair seo teannas sa dóigh a neas-suíonn sí foirmeacha móra, neamhphearsanta de chuspóirí agus de bhunúis amhrasacha le fíolagrán mionchúiseach de scafalra fhíneálta. Cruthaíonn an chodarsnacht idir an dá eilimint iomaíocha éagsúla seo comparáid dhinimiciúil agus chomhaimseartha eatarthu den chineál sin nach bhfeictear go minic. Cothaíonn sí seo mothúchán aisteach d'iontas ghliúcaíochtúil dá mbeifeá ag amharc ar fheidhmiú casta na sochaí féin.





SUSAN WAWRA

A German artist living in Dublin. The underlying theme of the suggested exhibition is the effect of the contemporary world, specifically the rational achieving society, on the vulnerable individual. Melancholy and "Weltschmerz" are combined with Pop Art to look at the individual in contemporary society. Exploring depression and angst in art history, Albrecht Dürer's "Melencolia" from 1514 provided the guiding theme for this body of work: juxtaposing the emotional with the rational world.

Ealaíontóir Gearmánach is ea í a bhfuil cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath. Is é téama bunúsach an taispeántais mholta seo ná éifeacht an domhain chomhaimseartha, go háirithe an tsochaí réasúnach ghnóthaithe ar an duine aonair leochaileach. Cuirtear Melancholy agus "Weltschmerz" le Pop Art chun amharc ar an duine aonair sa tsochaí chomhaimseartha. Agus é ag plé le lionn dubh agus crá i stair ealaíne ba é "Melencolia", déanta ag Albrecht Dürer in 1541 an spreagadh don téama threorach taobh thiar den obair seo: neas-suíomh an domhain mhothúchánaigh leis an domhan réasúnach.

ELLEN NIBLOCK

My theme is mental health. I combined the distortion of textiles by using a range of different tools on the materials to portray mental health and insanity. The idea is that one cannot see mental health, people tip-toe around it because it is not visible, like a broken bone, you can see it because someone would wear a cast. With mental health it is not visible to the eye and it is not spoken about often, which is why I want to talk about it and show that it is serious and people should talk about it openly.

Is í sláinte meabhrach téama s'agam. Chuir mé díchumadh na dtéicstíle le chéile agus úsáid réimse uirlisí ar na hábhair chun sláinte meabhrach agus gealtacht a léiriú. Is é an smaoineamh taobh thiar ná ní féidir leat sláinte meabhrach a fheiceáil, ní thugann daoine aghaidh uirthi mar níl sí sofheicthe, mar shampla is féidir leat cnámh briste a fheiceáil mar bheadh duine éigin ag caitheamh teilgín. Maidir le sláinte meabhrach, níl sí sofheicthe agus ní labhtar uirthi go minic, sin an fáth ar mhaith liom labhairt faoi agus taispeáint gur ábhar tromchúiseach í agus gur chóir do dhaoine labhairt uirthi go hoscailte.



REBECCA DEEGAN

Rebecca Deegan is a mixed media artist, working within the disciplines of textile art, painting, drawing, photography and print. Having just completed a diploma in Fibre Art and Textiles in Ballyfermot College of Further Education, she is now beginning her career as an artist. Rebecca was born in Dublin in 1993 but has been living in Portlaoise, Co. Laois since she was very young. The forests and old ruins found in the Laois countryside have been a major influence in her artwork. A lot of the work is based on the Rock Of Dunamais, the ruins of an ancient castle in Co. Laois. Rebecca has had three joint exhibitions with fellow artist and friend Donna Kearns, and has had work featured in several group and graduate shows.

Is ealaíontóir meán measctha í Rebecca Deegan, a phléann le healaíne teicstíle, péintéireacht, líníocht, grianghrafadóireacht agus priontaí. Tá sí go díreach i ndiaidh dioplóma i Snáthealaíne agus snáth-theicstíle i gColáiste Breisoidéachais Bhaile Formaid a chríochnú agus anois, tá sí ag toiseacht a slí beatha mar ealaíontóir. Rugadh Rebecca i mBaile Átha Cliath in 1993 ach tá sí ina cónaí i bPort Laoise, Co. Laoise ó bhí sí an-óg. Bhí na foraoiseacha agus na seanbhailíoga faoin tuath i gCo. Laoise mar phríomhthionchar ar a cuid oibre ealaíne. Bhí cuid mhór dá hoire bunaithe ar Dhún Másc, bailíoga seanchaisleáin i gCo. Laoise. Bhí trí chomhthaispeántas ag Rebecca lena comhealaíontóir agus cara Donna Kearns, agus bhí obair s'aici ar taispeáint ag roinnt seónna grúpa agus céimithe.



PATRICIA TAYLOR

I was born and grew up in West Belfast in the 70's and 80's. After spending several years in London and the south of England, I returned home, though have ended up in the back of beyond in a place called Clonmore on the Armagh/Tyrone border. I spent MANY years working with adults and children with challenging behaviour (mainly autism) and lo and behold, I have a son with autism (now a teenager) and still work with children. Though I still painted etc...it has only been within the past year or so that I have been happy with my work and felt satisfied enough with it, to enter the world of exhibitions and join an artists collective in Derry (Open Door 77). My media of choice at the moment is photograph based. My theme is based on nature (including human nature), personality, colour, sound, smell, light, textures and reflection. The people and places I have encountered have influenced my work.

Rugadh agus tógadh in Iarthar Bhéal Feirste mé sna seachtóidí agus sna hochtóidí. I ndiaidh dom roinnt blianta a chaitheamh i Londain agus ndeisceart Shasana, d'fhill mé abhaile, cé go bhfuil cónaí orm anois in áit iargúlta darb ainm Cluain Mór ar theorainn Ard Mhacha/Thír Eoghain. Chaith mé cuid mhór blianta ag obair le daoine fásta agus le páistí a raibh iompar dúshlánach acu (uathachas go príomha), agus anois amharc, tá mac le huathachas agam (is deáógóir anois é), agus oibrím le páistí go fóill. Cé gur phéinteáil mé go fóill agus araile ní raibh sé ach i mbliana a bhí mé sásta go leor le mo chuid oibre agus í a chur isteach i dtaispeántais agus ansin, bheith i mo bhall de chomhar ealaíontóirí i nDoire.. (open door 77). Tá mo rogha mheán bunaithe ar ghrianghrafadóireacht faoi láthair. Tá mo théama bunaithe ar nádúr (nádúr daonna san áireamh), pearsantacht, dathanna, fuaimeanna, boladh, solas, uigeachtaí agus ar fhrithchaitheamh. Bhí tionchar ag na daoine ar bhuail mé leo agus ag na háiteanna ina raibh mé ar mo chuid oibre.



DEIRDRE MACKEL

Deirdre focuses particularly upon affects arising in childhood, early memories that somehow attach themselves to everyday domestic objects and come to acquire a symbolic dimension in later life. Her work also deals with the range of feelings that shape and motivate us throughout life, positive affects include hope and joy; negative effects include feelings of oppression. Humour comes into the work, through the association of objects, like installations of objects on a page, as does the sculptural beauty of some objects that others may dismiss as mundane or purely functional – finding beauty in various situations; an artistic intention to portray beauty and equilibrium amidst chaos, and vice versa. Certain inanimate objects take on a blossoming and organic existence and make reference to fantasy worlds and landscapes.

Díríonn Deirdre ar shiocracha a thagann ó leanbaíocht, cuimhní luatha a bhaineann le gnáthrudáil tí lae a mbeidh gné shiombalach ag baint leo sa saol níos moille. Pléann a saothar leis an réimhse mothúchán a bhfuil tionchar acu orainn agus atá ár spreagadh ar fud ár saoil fosta. I measc na siocracha dearfacha tá dóchas agus lúcháir; i measc na siocracha diúltacha tá mothúcháin chos ar bolg. Tarlaíonn greann tríd an obair, trí rudáil a shamhlú le réada, cosúil le suiteáil réad ar leathanach mar a tharlaíonn le háilleacht dealbhóireachta roinnt réad a shíleann daoine eile atá leamh nó feidhmeach – ag aimsiú áilleachta i staideanna éagsúla; rún ealaíonta chun áilleacht agus cothromaíocht a léiriú i measc anoir, agus a mhalairt de dhóigh. Tagann eiseadh rathúil agus orgánach ar réada neamhbheo ar leith agus déanann siad tagairt do dhomhain agus tírdhreacha fantaisíochta.

MAIREAD DUNNE

Mairead Dunne (Offaly, 1982) is a visual artist based in Belfast. She graduated from the National College of Art and Design Dublin and received a Masters of Fine Art from the University of Ulster Belfast. Dunne has had several solo exhibitions including the Offaly Arts Council Solo Exhibition Award 2010 and has exhibited widely in the UK and internationally. She has completed international residencies in Cyprus College of Art and Camac Centre d'Art in France. She most recently completed a residency at the Red Gate Art centre in Beijing. Dunne's practice investigates the playfulness and strangeness of childhood where the work often adopts an unsettling child's fantasy environment. Inspiration behind the work can be found in old Folklore and illustration and her interest in Victorian photography. For more information on her work please go to www.maireaddunne.com

Is amharcealaíontóir í Mairead Dunne (Uíbh Fhailí, 1982) atá lonnaithe i mBéal Feirste. Bhain sí céim amach ó Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha Bhaile Átha Cliath agus bhain sí céim mháistreachta i Mínealaín amach ó Ollscoil Uladh, Béal Feirste. Bhí roinnt taispeántas aonair ag Dunne, an Offaly Arts Council Solo Exhibition Award 2010 san áireamh agus chuir sí a saothar ar taispeáint go forleathan sa Ríocht Aontaithe agus go hidirnáisiúnta. Rinne sí cónaitheachtaí idirnáisiúnta i gColáiste Ealaíne na Cípire agus in Ionad Ealaíne Camac sa Fhrainc. Rinne sí cónaitheacht ag ionad ealaíne Red Gate i mBéising ar na mallaibh. Fiosraíonn cleachtas Dunne spráilúlacht agus aduaine na leanbáíochta mar a léiríonn an obair timpeallacht fantaisíochta chorrach an pháiste. Is é an spreagadh taobh thiar den saothar ná an seanbhéaloideas mar aon le léaráidí agus a suim i grianghrafadóireacht Victeoiriach. Tá tuilleadh eolais faoina cuid oibre ar fáil ar www.maireaddunne.com



JOHN MALLON

A VIEW TO A BETTER MENTAL HEALTH
THROUGH THE LENS OF A CAMERA
Kennedy Centre, 1st – 5th August.



TÁ BEALACH GO SLÁINTE MEABHRACH NÍOS FEARR TRÍ LIONSA CEAMARA

Sixteen years ago my mental health began to break down. I became very good at hiding it, especially from the ones I love. Through time I progressively became worse. I knew I needed to explore other ways of dealing with my mental health. Photography was one of my passions from a very early age. After sharing my photography with friends and working for a short period of time with the "Universal Studios" while the new Dracula film was being filmed here in Northern Ireland. I quickly made friends with some of the people working on the film set, one being a man called Jason Boland who was a Stills Photographer, he asked me to show him some of my shots, and he expressed his belief that they were extraordinary, it is my own firm belief and I say this with experience that the more people we can get to open up and speak about their own experience. I was asked by my close friend Father Michael Murtough from Clonard Redemptionist to write a letter of my journey. My letter was read out during the Novena. I take great comfort in the fact that after hearing my letter being read out in public to thousands of people, young and old (men/female) came forward and asked for help and realised they did not have to suffer in silence any longer. A view to a better mental health is my story of how I dealt with the breakdown of my own mental health and I hope it will inspire others in seeking alternative ways to deal with their own mental health problems.

Sé bliana déag ó shin, thosaigh mo shláinte meabhrach ag cliseadh orm. Ach d'éirigh mé go hiontach maith é seo a cheilt, go háirithe ó na daoine sin is grá liom. Le himeacht ama, d'éirigh me níos measa. Bhí a fhios agam go raibh orm teacht ar bhealaí eile chun déileáil le mo shláinte meabhrach, na rudaí as ar bhain me sult. Bhí grianghrafadóireacht mar cheann de mo chaitheamh aimsire ó bhí mé an-óg. Roinn mé mo chuid grianghrafadóireachta le mo chairde agus rinne mé obair ar feadh tréimhse gairde le "Universal Studios" nuair a bhí scannán nua Dracula á scannánú anseo i dTuaisceart Éireann. Rinne mé cairdeas go gasta le cuid de na daoine a bhí ag obair ar an seit scannáin, Ba é fear darbh ainm Jason Boland a bhí ina Ghrianghrafadóir duine amháin díobh agus d'iarr sé orm roinnt grianghrafanna de mo chuid a thaispeáint dó agus dúirt se liom gur shíl sé go raibh siad go hiontach. D'iarr mo dhúlthchara An tAthair Michael Murtough ó Shlánaítheoirí Chluain Ard orm litir faoin tréimhse seo de mo shaoil a scríobh. Léadh mo litir amach i rith na Nóibheine. Tugann sé sólas mór dom, i ndiaidh dóibh éisteacht le léamh amach mo litreach go poiblí do na mílte daoine, gur tháinig daoine idir shean agus óg (fir/mná) chugam agus gur iarr siad ar chuidiú, agus ansin gur thuig siad nach raibh orthu fulaingt go ciúin a thuilleadh. 'A view to a better mental health'. Sin mo scéal faoin dóigh ar dhéileáil mé le cliseadh mo shláinte meabhrach féin agus tá suil agam go spreagfaidh sé daoine eile teacht ar bhealaí eile chun déileáil lena bhfadhbanna sláinte meabhrach féin.

RELATIVES FOR JUSTICE PAINTING GROUP

Relatives for Justice members have articulated their talents through the medium of art resulting in some beautiful paintings. Many have suffered multiple traumas as a result of the conflict, however with resolve and determination they have come together to support each other at the art classes in RFJ. This has resulted in a form of healing therapy where stories of loss, pain and hurt can be shared and above all respected. RFJ painting classes take place on a Monday from 11.00/1.00pm and Wednesday from 7.00/9.00pm, anyone who has been bereaved, injured or a carer for someone who has been injured in the conflict is most welcome to join with us. Not being able to paint should not be a barrier as expert tuition is on hand with our qualified tutor, Hilary Hinds.

Grúpa péintéireachta Ghaolta um Cheartas

Chuir baill de Ghaolta um Cheartas a dtallainn in iúl trí mheán na healaíne ar tháinig péintéireachtaí áille astu. D'fhulaing a lán daoine iltrámaí de dheasca na coimhlinte, ach mar gheall ar a ndiongbháilteacht agus a ndaingne áfach, tháinig siad le chéile chun tacú lena chéile ag na ranganna ealaíne in GUC. Sórt teiripe leighis a tháinig as seo áit ar féidir leo a scéalta caillteanais, péine agus goillte a roinnt agus thar gach uile ní, meas a bheith orthu. Beidh ranganna péintéireachta GUC ar siúl Dé Luain ó 11.00/1.00i.n. agus Dé Céadaoin 7.00/9.00i.n. Beidh fáilte mhór roimh dhuine ar bith na marbhánach, duine ar bith a bhí gortaithe nó roimh chúramóir do dhuine ar bith a bhí gortaithe de dheasca na coimhlinte teacht chucu. Níor chóir go mbeadh easpa scileanna péintéireachta ina bac mar beidh sainmhúinteoireacht ann ónár dteagascóir cáilithe, Hilary Hinds.

AFTERMATH EXHIBITION

AN TIONSCADAL IARMHARTA

LAURENCE MCKEOWN

St Mary's College, Wednesday 6th August, 2pm to 4pm

The Aftermath project, www.aftermath-ireland.com and exhibition contains photographs, short films, and a specially composed piece of music which includes participants' voices. The participants in the Aftermath project came from a very diverse range of backgrounds and experiences, mostly from Ireland and comprising former members of the British Army/UDR (both male and female), RUC/PSNI, Irish Defence Forces, former IRA prisoners (both male and female), victims of the conflict, those displaced by conflict, and one of the Families of the Disappeared. There are other participants in the exhibition who arrived in Ireland from places of conflict around the world.

Sa tionscadal agus taispeántas iarmharta, www.aftermath-ireland.com beidh grianghrafanna, gearrscannáin agus píosa ceoil sainchumtha ar a mbeidh guthanna na rannpháirtithe chomh maith. Tháinig rannpháirtithe sa tionscadal Iarmharta ó réimse éagsúil cúlraí agus eispéaras. Tháinig an chuid is mó díobh ó Éirinn. I measc na rannpháirtithe bhí iarbhaill d'Arm na Breataine/UDR (idir fhir agus mhná), RUC/PSNI, Fórsaí Cosanta na hÉireann, iarchimí an IRA (idir fhir agus mhná), íospartaigh na coimhlinte, na daoine siúd éasáitithe de dheasca na coimhlinte agus duine amháin ó Families of the Disappeared. Beidh rannpháirtithe eile ann sa taispeántas a tháinig go hÉirinn ó áiteanna coimhlinte ar fud an domhain.

WORLD POLITICAL ICONS

